



Tuarascáil Bhliantúil



2017

Shármhaitheas

Nuálaíocht

Cruithaitheacht



Coimisiún Forbartha an Iarthair
Teach Diolúin, Bealach an Doirín,
Contae Ros Comáin, Éire.

Guthán: +353 (0) 94 9861441

Facs: +353 (0) 94 9861443

Ríomhphost: info@wdc.ie

Suíomhanna Gréasáin: www.wdc.ie

CLÁR ÁBHAR

Brollach an Chathaoirligh	2
Tuairisc an Phríomhfheidhmeannaigh	2
Réamhrá	5
Cuid 1: Forbairt Réigiúnach Chothrom/ Anailís Bheartais	9
Cuid 2: An Réigiún a Chur Chun Cinn	15
Cuid 3: Forbairt Réigiúnach	21
Cuid 4: Ciste Infheistíochta an WDC	27
Cuid 5: Seirbhísí Corparáideacha	31
Aguisíní	35
Aguisín 1: Comhaltaí Boird	36
Aguisín 2: Painéil Chomhairleacha Eile	38
Aguisín 3: Tinreamh an Bhoird	40
Aguisín 4: Táillí agus Speansais Boird	42
Aguisín 5: Tuarastal agus Speansais an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin	43
Ráiteas Airgeadais 2017	45
Giorrúcháin	73

BROLLACH AN CHATHAOIRLIGH

Bunaíodh Coimisiún Forbartha an Iarthair (“an Coimisiún”) in 1998 agus é mar chuspóir aige mar atá sainithe san Acht um Choimisiún Forbartha an Iarthair “forbairt eacnamaíochta agus shóisialta i Réigiún an Iarthair a chur chun cinn agus a chur faoi deara go gcuirfear chun cinn í, agus cabhrú léi, agus í a chothú agus a spreagadh”.

De réir mar a theannaimid le comóradh fiche bliain de bhunú Choimisiún Forbartha an Iarthair, tá forbairt réigiúnach chothromaithe chomh tábhachtach agus chomh hábhartha céanna sa lá atá inniu ann. Tarraingítear aird san anailís a rinne an fhoireann beartais ar shonraí dhaonáireamh 2011-2016 go bhfuil bearna mhór i gcónaí i réimsí criticiúla i réigiún an Iarthair i gcomparáid leis an gcuid eile den stát. Tá fás fostaíochta níos moille, leibhéal dífhostaíochta níos airde i measc na n-óg, ráta bochtaineachta níos airde go leanúnach agus ráta fáis níos ísle ar an daonra i Réigiún an Iarthair ná mar atá sa chuid eile den stát. Cuirimid fáilte roimh an aitheantas atá tugtha don tábhacht atá le forbairt réigiúnach chothromaithe mar thosaíocht infheistíochta straitéisí náisiúnta sa Tionscadal Éire 2040.

Bhí tionchar suntasach ag Coimisiún Forbartha an Iarthair go dtí seo ar phoist réigiúnacha a bhaint amach, rochtain réigiúnach a sholáthar ar mhaoiniú agus acmhainn réigiúnach a fhorbairt chun maoiniú Eorpach a rochtain. Tugadh léargas ar cheisteanna réigiúnacha trí bhithin na hanailíse a rinne an fhoireann beartais agus tríd an ionchur le beartais náisiúnta. Ó bunaíodh é, tá €48.5 milliún infheistithe ag Ciste Infheistíochta an Iarthair, agus tacaíocht faighte ag 139 fiontar lena n-áirítear 43 fiontar pobail agus thacaigh an ciste go díreach le 2,500 post. Lean Coimisiún Forbartha an Iarthair den obair sin in 2017 agus d'éirigh leis na príomhéachtaí seo a leanas a bhaint amach;

- Ciste Scannán Réigiúnach (Ciste WRAP) - sheol an tAire Kyne ciste tosaigh réigiúnach i R4 2017 arbh fiú €2 mhilliún é. Tacóidh sé sin le 60 fiontar beag agus meánmhéide thar thréimhse trialach trí bliana;
- Luasaire Réigiúnach - Cuireadh trí thionscnamh réigiúnacha luasairí ar siúl in 2017 le comhpháirtithe lena n-áirítear Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, an Lárionad Náisiúnta Taighde Dhigitigh, etc. Tacaíonn siad sin le fás gnó i dteicneolaíocht talmhaíochta, TFC agus teicneolaíocht leighis;

- Tionscadail an Aontais Eorpaigh – tá Coimisiún Forbartha an Iarthair ag obair i gcomhpháirtíocht faoi láthair ar chúig mhórtionscadal AE ar fiú €13 mhilliún ar an iomlán iad. I measc na dtorthaí tá tacaíocht nuálaíochta d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide ag úsáid teicneolaíochtaí fuinnimh in-athnuaite agus ardán do ghnóthais bheaga agus mheánmhéide chruthaitheacha réigiúnacha chun earraí a thaispeáint do mhargáí domhanda agus iad a dhíol leo;
- Rinne foireann beartais an Choimisiúin roinnt aighneachtaí in 2017 maidir leis na comhairliúcháin beartais náisiúnta go háirithe Éire 2040: An Creat Náisiúnta Pleanála agus an tAthbheithniú Lárthearma ar an bPlean Caipitil 2016-2021.

Buaicphointe eile in 2017 ab ea ár gcomhoibriú le comhdháil Thionól Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair, *One Region, One Vision*. Ba é an téama ansin buntáiste a bhaint as an anás. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt d'obair chrua agus do thiomantas fhoireann Choimisiún Forbartha an Iarthair. Táim ag tnúth le bheith ag obair leis an bhfoireann agus le bord nua Choimisiún Forbartha an Iarthair a ceapadh in 2018 agus muid ar tí tabhairt faoi phróiseas nua pleanála straitéisí agus a bheith ag obair le páirtithe leasmhara ar bhonn réigiúnach agus náisiúnta. Tá ról speisialta agus ríthábhachtach ag an gCoimisiún – mar ghrúpa a cheanglaíonn agus a chumasaíonn an fhorbairt réigiúnach.



Deirdre Garvey

An Dr Deirdre Garvey
An Cathaoirleach

TUAIRISC AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH

D'fhéach Coimisiún Forbartha an Iarthair – Éire lena chumas a fhás in 2017 chun an saindulagas reachtúil atá air maidir le forbairt eacnamaíochta agus shóisialta a chothú agus a chur chun cinn i réigiún an Iarthair a sheachadadh.

Ag tógáil ar an tiomantas a foilsíodh sa chlár don rialtas le déanaí¹ chun “*ról Choimisiún Forbartha an Iarthair a atreisiú*”, agus an spreagadh agus an tacaíocht a cruthaíodh nuair a ceapadh Aire tiomnaithe i samhradh na bliana 2017, (an tAire Forbartha Tuaithe agus Pobail, an tUasal Michael Ring T.D.), agus nuair a cruthaíodh roinn nua freastail, an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail², the WDC has developed and delivered a significant programme for regional development during the year.

I réimsí amhail an Geilleagar cruthaitheach, Fuinneamh in-athnuaite, Turasóireacht chultúrtha, Gléasanna leighis, Agraí-theicneolaíocht, agus TFC, d'oibríomar agus thacaíomar le gnóthaí chun a gcuid fiontar agus leibhéil fostaíochta a fhás. Le blianta beaga anuas d'oibrigh an Coimisiún lena chlár go díreach leis na céadta gnóthaí (os cionn 200 in 2017 as féin), agus thacaigh sé le beagnach 5,000 post sa réigiún, go díreach agus go hindíreach.

Chuir an Coimisiún, in éineacht le comhpháirtithe lárnacha, cumas socheacnamaíoch an réigiúin chun cinn go díreach agus go straitéiseach. Cuireadh tionscnaimh mar an clár Réigiún Cliste (acmhainn nasctha ar bhonn digiteach do ghníomhaithe réigiúnacha), *Bealach Eacnamaíoch an Atlantaigh (AEC)*, *The Xchange* (ag nascadh gnóthaí san Iarthuaisceart ar feadh cúig bliana), *Seafest* (imeacht suaitheanta le téama na mara lonnaithe sa réigiún), *Pleananna Gníomhaíochta i gcomhar Post*, etc., chun cinn agus tacaíodh leo thar ceann Choimisiún Forbartha an Iarthair in 2017.

Bhí ríméad ar an gCoimisiún le linn na bliana infheistíocht a dhéanamh i ngnóthaí réigiúnacha a bhfuil fréamhacha áitiúla agus cumas domhanda acu, trínár gciste nuálach *Ciste Infheistíochta an Iarthair* (www.wdc.ie/wdc-investment-fund/). Thacaigh an ciste sin leis na mílte post réigiúnach agus leis na céadta gnóthaí. Bhí ríméad air in 2017 baint a bheith aige le fás gnóthaí dúchasacha trí infheistíocht, ag cinntiú fáis agus fostaíochta go ceann na mblianta fada amach anseo.

Ach oibriú le gnóthaí réigiúnacha, d'aithníomar roinnt réimsí nua criticiúla don fhás straitéiseach agus chuireamar i gcrích iad in 2017. Tar éis anailíse le gnóthaí agus le páirtithe leasmhara socraíodh biúró tiomnaithe do choinbhinsiúin turasóireachta i nGaillimh chun turasóirí gnó a mhargú agus a fhás sa réigiún. Ar an gcaoi chéanna tá ciste scannán tiomnaithe réigiúnach (*ciste WRAP*) sa réigiún anois, agus €2 mhilliún d'airgead an Choimisiúin curtha i leataobh mar thaca le forbairt na hearnála closamhairc anseo.

Tá acmhainn speisialta againn inár gcumas forbairt beartais a anailísiú agus a threorú le haghaidh an réigiúin agus a chuid páirtithe leasmhara. In 2017, thug foilseacháin beartais *insight*³, agus a bhlaganna, treoir agus spreagadh do pháirtithe leasmhara. Chomh tábhachtach céanna, bhí an Coimisiún rannpháirteach i mórchomhairliúcháin thar ceann an réigiúin, lena n-áirítear an ról lárnach a bhí aige maidir le freagairt réigiúnach chomhordaithe a chur le chéile lena chinntiú go raibh ár riachtanais straitéiseacha i gcomhair fáis san áireamh sa chomhairliúchán ar an *gCreat Náisiúnta Pleanála*.

¹ A Programme for a partnership for Government
https://merrionstreet.ie/MerrionStreet/en/ImageLibrary/Programme_for_Partnership_Government.pdf
² Department for Rural and Community Development, www.drcd.gov.ie
³ <http://www.wdc.ie/policy/wdc-insights-blog/>

TUAIRISC AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH

Leanamar ag léiriú an Réigiúin agus bhuanna an réigiúin trínár dtionscnamh poiblíochta réigiúnaí www.Lookwest.ie, a bhfuil gradaim bainte amach aige. Mheall an tionscnamh 100,000 duine in 2017 agus chuaigh sé i gcion ar os cionn 2 mhilliún duine trí na meáin shóisialta. Ba mhéadú iad na figiúirí sin go léir ar leibhéal 2016.

Chuir Coimisiún Forbartha an Iarthair fáilte roimh bhaill foirne nua chuig an eagraíocht in 2017. Chuir sé sin go suntasach lenár gcumas tabhairt faoinár ndualgas maidir le fás réigiúnach agus a chinntiú go mbaintear amach na hardleibhéil rialachais agus ionracais atá leagtha síos agus a bhfuil an eagraíocht ag súil go mbainfimid amach.


Tá sonraí breise maidir le cumas agus éachtaí móra an Choimisiúin le fáil sa tuarascáil seo. Mar sin féin bheinn ag déanamh faillí mura ndéanfainn tagairt d'iarachtaí móra, do ghairmiúlacht agus don tallann a léirigh an feidhmeannas agus an bord, anois agus roimhe seo, agus go deimhin do shíorthacaíocht ár gcomhpháirtithe go réigiúnach, go náisiúnta agus go deimhin go hidirnáisiúnta, ag cur ar chumas Choimisiún Forbartha an Iarthair a bheith chomh rathúil ina shaindualgas agus é ábalta deiseanna agus tallann shainiúil Réigiún Iarthar na hÉireann a thabhairt chun fáil.



Ian Brannigan

*An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (g)
agus Ceann na Forbartha Réigiúnaí*

RÉAMHRÁ



RÉAMHRÁ



Ráiteas Misin

‘Troid ar son fhorbairt gheilleagrach, shóisialta agus chultúrtha Réigiún Iarthar na hÉireann’

Ráiteas Físe

‘A bheith ar an ngníomhaireacht a dtéann cách chuici chun Réigiún Iarthar na hÉireann a fhorbairt’.

Croí-Luachanna

- i. **Comhoibriú:** Bímid ag comhoibriú le gach eagraíocht náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil chun Réigiún an Iarthair a fhorbairt
- ii. **Ceannaireacht:** Cothaímid ceannaireacht thar ghníomhaíocht gheilleagrach agus shóisialta taobh istigh de Réigiún Iarthar na hÉireann
- iii. **Nuálaíocht:** Spreagaimid agus cuirimid nuálaíocht chun cinn i bhforbairt Réigiún an Iarthair
- iv. **Ionracas agus Iontaoibh:** Déanaimid iarracht iontaoibh ár gcliant agus ar bpáirtithe leasmhara go léir a fháil trí bheith chomh hionraic agus is féidir linn a bheith i ngach ceann dár mbeartaíochtaí leo
- v. **Inoiriúnaitheacht agus Solúbthacht:** Tá Coimisiún Forbartha an Iarthair agus a fhoireann in ann dul in oiriúint d’imthosca atá ag athrú agus iad solúbtha chuige sin


Struchtúr Choimisiún Forbartha an Iarthair

Tá 11 chomhalta i gCoimisiún Forbartha an Iarthair a cheapann an tAire Forbartha Tuaithe agus Pobail (feic Aguisín 1 maidir le ballraíocht 2016).

Faigheann an Coimisiún tacaíocht ó choiste feidhmiúcháin tiomanta atá lonnaithe i dTeach an Diolúnaigh, Bealach an Doirín, Contae Ros Comáin. Tá foireann choibhéiseach lánaimseartha de 12.6 againn agus foireann thionscadal AE freisin ina bhfuil triúr feidhmeannach. Tugann sé sin saineolas uathúil don réigiún ar anailís bheartais, forbairt réigiúnach agus tuaithe, infheistíocht agus seirbhísí corparáideacha.

Ina theannta sin, faighimid tacaíocht ó phainéil chomhairleacha speisialta agus ó ionadaithe ón earnáil phoiblí, ón earnáil phríobháideach agus ón earnáil dheonach chun cabhrú linn le tionscnaimh éagsúla.

Struchtúr na hEagraíochta



Dréacht-chuspóirí Straitéiseacha Choimisiún Forbartha an Iarthair 2015-2018

- Eolas a thabhairt agus tionchar a imirt ar cheapadh beartais ar fhorbairt gheilleagrach agus shóisialta i Réigiún Iarthar na hÉireann trí anailís ar ardchaighdeán a dhéanamh
- Na tairbhí a bhaineann le cónaí, oibriú agus gnó a dhéanamh i Réigiún Iarthar na hÉireann a chur chun cinn.
- Forbairt gheilleagar an Iarthair a chur chun cinn bunaithe ar fhorbairt inbhuanaithe láidreachtaí agus acmhainní Réigiún an Iarthair.
- Caipiteal riosca a sholáthar do mhicrifhiontair, d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide, agus d'fhiontair shóisialta (agus iad ag tosú amach nó ag fairsingiú) trí Chiste Infheistíochta Choimisiún Forbartha an Iarthair.
- Coimisiún Forbartha an Iarthair a fheidhmiú mar eagraíocht inniúil, éifeachtach agus foghlama
- A chinntiú go n-aithnítear agus go dtacaítear le sainchúram an Choimisiúin ag gach leibhéal den Rialtas
- Ciste fáis straitéisigh atá nuálach agus sonrach don réigiún a bhaint amach agus a choimeád chun freastal ar riachtanais Réigiún Iarthar na hÉireann sa todhchaí
- Treoirthionscadal um Oifig um Fhorbairt Réigiúnach Straitéiseach a bhunú agus a mheas in Iarthar na hÉireann d'fhonn sainchúram an Choimisiúin maidir le dlús a chur faoi fhás geilleagrach sa réigiún a neartú



CUID I



FORBAIRT RÉIGIÚNACH CHOTHROM/
ANAILÍS BHEARTAIS




FORBAIRT RÉIGIÚNACH CHOTHROM

Eolas a thabhairt agus tionchar a imirt ar cheapadh beartais ar fhorbairt gheilleagrach agus shóisialta i Réigiún Iarthar na hÉireann trí anailís ar ardchaighdeán a dhéanamh

Gné thábhachtach d'obair an Choimisiúin is ea anailís ar shonraí agus treochtaí shocheacnamaíocha laistigh de Réigiún an Iarthair. Cuireann sé seo bonn daingean eolais ar fáil agus tuiscint ar na buncheisteanna agus dúshlán atá roimh Réigiún an Iarthair. Tá sé mar bhonn freisin ag clár oibre an Choimisiúin.

Bhí foireann anailíse beartais an Choimisiúin gníomhach ag cur a gcuid torthaí in iúl do pháirtithe leasmhara le linn 2017 trí ríomhphost a sheoladh amach go rialta maidir le foilseacháin nua, postálacha blaganna gach seachtain, cuir i láthair, ag tabhairt freagra ar fhiosruithe, ag freastal ar chruinnithe agus ar imeachtaí agus trí chuntas twitter @WDCInsights. Léirítear príomhghníomhaíochtaí foireann Anailíse Beartais an Choimisiúin i rith 2017 sa ghrafaic faisnéise anseo.



Anailís Shocheacnamaíoch

Thug foireann Anailíse Beartais an Choimisiúin faoi anailís mhionsonraithe ar raon buncheisteanna shocheacnamaíocha a bhí ábhartha d'fhorbairt eacnamaíoch agus shóisialta Réigiún an Iarthair i rith 2017. Rud mór ab ea an anailís a rinneadh ar thorthaí Dhaonáireamh 2016 de réir mar a eisíodh iad i rith 2017. Díríodh an anailís ar Réigiún an Iarthair agus tugtar sonraí fiúntacha sa Daonáireamh ar leibhéal contae agus fochontae, rud a thug deis dúinn faisnéis ar leibhéal Réigiún an Iarthair a chur ar fáil, mar aon le sonraí treochta amshraithe.

Foilsíodh anailís shocheacnamaíoch de chuid an Choimisiúin agus scaipeadh í ar bhealaí éagsúla lena n-áirítear *WDC Insights*, postálacha ar *WDC Policy Blog*, Grafaicí faisnéise, Coimre Bheartais Choimisiúin Forbartha an Iarthair, cuir i láthair agus aighneachtaí ar feadh na bliana.

WDC Insights

D'fhoilsigh an Coimisiún 14 chóip dhá leathanach de *WDC Insights* i rith 2017:

1. *WDC Insights: Where do People in the Western Region Work?* (Noll 2017)

Déantar scrúdú san *WDC Insights* seo ar áit oibre daoine a chónaíonn i Réigiún an Iarthair. Agus scrúdú á dhéanamh ar na torthaí ó Dhaonáireamh 2016, déantar scrúdú san anailís freisin ar áit chónaithe oibrithe i Réigiún an Iarthair. Tá sonraí aonair de réir contae ar fáil freisin le híoslódáil.

Íoslódáil: [WDC Insights: Where do People in the Western Region Work?](#)

2. *WDC Insights: County Labour Market – Census 2016* (D.F. 2017)

Déantar scrúdú in ocht bhfoilseachán *WDC Insights* ar mhargadh saothair chontaetha Réigiún an Iarthair, bunaithe ar shonraí ó Dhaonáireamh 2016. Tugtar cuntas i ngach ceann de na foilseacháin *WDC Insights* ar Phríomhstádas Eacnamaíoch dhaonra fásta an chontae, i gcomparáid leis an meán ar fud an Stáit, mar aon leis na hearnálacha ina n-oibríonn áitritheoirí an chontae agus an t-athrú atá tagtha air sin ó 2011 i leith.

Íoslódáil: [Clare](#), [Donegal](#), [Galway City](#), [Galway County](#), [Leitrim](#), [Mayo](#), [Roscommon](#), [Sligo](#)

3. *WDC Insights: What do people in the seven western counties work at?* (Lún 2017)

Tá an *WDC Insights* seo bunaithe ar anailís ar shonraí ó Dhaonáireamh 2016 maidir le fostaíocht de réir na hearnála eacnamaíche (grúpa tionsclaíoch). Déantar scrúdú ann ar an bpatrún fostaíochta earnála i ngach ceann de sheacht gcontae Réigiún an Iarthair, agus an t-athrú a tháinig air idir 2011 agus 2016.

Íoslódáil: [WDC Insights: What do people in the seven western counties work at?](#)

4. *WDC Insights: Census 2016: What do people in the Western Region work at?* (Lún 2017)

Tá an *WDC Insights* seo bunaithe ar anailís ar shonraí ó Dhaonáireamh 2016 maidir le fostaíocht de réir na hearnála eacnamaíche (grúpa tionsclaíoch). Déantar scrúdú ann ar an bpatrún fostaíochta earnála i Réigiún an Iarthair trí chéile i gcomparáid leis sin in áiteanna eile sa tír, agus an t-athrú a tháinig air idir 2011 agus 2016.

Íoslódáil: [WDC Insights: Census 2016: What do people in the Western Region work at?](#)

5. *WDC Insights: Home-Based Working in the Western Region* (Iúil 2017)

Déantar scrúdú sa *WDC Insights* seo ar an gcineál oibre atá á déanamh i láthair na huaire, agus díreann ar na sonraí maidir leis na daoine a oibríonn sa bhaile nó ón mbaile go príomha.

Íoslódáil: [WDC Insights: Home-Based Working in the Western Region](#)

6. *WDC Insights: Regional Growth – rural areas, towns and cities* (Meitheamh 2017)




Déantar plé gairid sa *WDC Insights* seo ar roinnt de na pointí a rinneadh in aighneacht an Choimisiúin maidir leis an gcomhairliúchán ar an gCreat Náisiúnta Pleanála faoi chathracha, bailte agus ceantair thuaithe agus na deiseanna a chuirtear i láthair lena bhforbairt do gheilleagar agus do shochaí na hÉireann trí chéile.

Íoslódáil: [WDC Insights: Regional Growth – rural areas, towns and cities](#)

7. *WDC Insights: 'New Work' – the Gig economy in the Western Region* (Bealtaine 2017)

Déantar scrúdú sa *WDC Insights* seo ar an gcaoi ar chuidigh an leathanbhandá agus ardáin ar líne chun cineálacha nua oibre agus ioncain a ghiniúint. Déantar scrúdú sa *WDC Insights* seo ar an bhfianaise maidir le chomh mór is atá an geilleagar poistíneachta (ar a dtugtar 'geilleagar comhroinnte', 'slua-oibriú' agus 'uber-iú' freisin) i réim i Réigiún an Iarthair.


Íoslódáil: [WDC Insights: 'New Work' – the Gig economy in the Western Region](#)



Grafaicí Faisnéise

Foilsíodh dhá ghrafaic faisnéise ina gcuirtear sonraí Daonáirimh i láthair i bhfoirm grafaic, maidir le raon tascairí i bhformáid atá éasca a rochtain i rith na bliana 2017.

1. The Western Region – Census 2016 (Iúil 2017)
2. The Western Region's Labour Market – Census 2016 (Nollaig 2017)



Blag WDC Insights



I rith 2017, scríobh agus d'fhoilsigh an Coimisiún 46 post ar Blag WDC Insights. I dteannta ceisteanna agus topaicí a cumhdaíodh in WDC Insights agus i bhfoilseacháin eile atá liostaithe anseo, rinneadh imscrúdú i mblaganna ar an gCreat Náisiúnta Pleanála, ar ioncain de réir contae, ar fhás eacnamaíoch go réigiúnach, ar bheartas tuaithe, agus ar sholáthar céimneach leathanbhanda mar aon le hanailís mhionsonraithe réigiúnach ar thorthaí Dhaonáireamh 2016.

<https://wdcinsights.wordpress.com>

Coimre Bheartais Choimisiún Forbartha an Iarthair

I sraith trí fhoilseachán rinne foireann anailise beartais an Choimisiúin scrúdú ar an gcineál oibre atá á déanamh i láthair na huair, agus díríodh ar obair a dhéantar lasmuigh den 'áit oibre' thraidisiúnta agus a bhíonn bunaithe sa bhaile de ghnáth. Rinneadh scrúdú i gcoimre bheartais ón gCoimisiún, WDC Policy Briefing No.7 e-Working: A Review of the Evidence, ar mhéid an ríomhoibrithe i Réigiún an Iarthair ina measc siúd i gcaidrimh thraidisiúnta idir fostóir agus fostaí. Foilsíodh an choimre i mí an Mhárta 2017, agus déantar scrúdú ann ar an méid ríomhoibrithe a dhéantar i Réigiún an Iarthair agus aithnítear freisin moltaí maidir leis an gcaoi a bhféadfar an ríomhoibriú a chur chun cinn tuilleadh.

Íoslódáil: [WDC Policy Briefing no 7](#)



Cuir i láthair agus Ionchuir ag Comhdhálacha

Rinne an fhoireann Anailise Beartais roinnt cur i láthair agus rinne siad cathaoirleacht ar sheisiúin ag comhdhálacha i rith 2017. Áirítear i meas na samplaí:

- **The Socio-economic Profile of the Western Region:** Rinne Deirdre Frost cur i láthair do Bhord Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Maigh Eo i mí na Samhna faoi phróifíl shocheacnamaíoch Réigiún an Iarthair.
- **Brexit- Implications for Ireland and the Border Region:** I mí Dheireadh Fómhair rinne an Dr Helen McHenry cur i láthair do sheimineár Chumann Rialtais Áitiúil na hÉireann faoi impleachtaí an Bhreitheachta d'Éirinn agus do Réigiún na Teorann.
- **Regional Growth: Rural areas, towns & cities:** I mí Mheán Fómhair rinne Pauline White cur i láthair ag comhdháil bhliantúil an Regional Studies Association – Brainse na hÉireann.
- **National Broadband Plan Workshop:** I mí Aibreáin, rinne Deirdre Frost cur i láthair d'ionadaithe an rialtais áitiúil agus náisiúnta maidir leis an ngá atá leis an bPlean Náisiúnta Leathanbhanda agus an tionchar a bheidh ag drochsheirbhísí leathanbhanda i gceantair thuaithe.
- **WDC Insights on the Western Region:** I mí Eanáir, rinne Pauline White agus an Dr Helen McHenry cur i láthair d'oifigigh na Roinne Coimirce Sóisialaí, inar thug siad léargas ar an anailís a rinne Coimisiún Forbartha an Iarthair ar raon ceisteanna socheacnamaíocha.

Aighneachtaí

Le linn 2017, rinne an Coimisiún 11 aighneacht ar phróisis náisiúnta comhairliúcháin phoiblí:

- Tograí Beartais Nasctha Lónraí Gáis Éireann
- Scéim Tacaíochta don Leictreachas In-Athnuaite
- Dréacht *Éire 2040 – Ár bPlean*: An Creat Náisiúnta Pleanála
- Gairm ar Aiseolas an Tascfhórsa um Fhón Póca agus Leathanbhanda: An Fóram Náisiúnta Páirtithe Leasmhara
- Ábhar i gCeistneoir Dhaonáireamh 2021 de chuid na Príomh-Oifige Staidrimh
- An Coimisiún um Rialáil Fóntas maidir le Plean Forbartha Lónra 2017 atá ag Lónraí Gáis Éireann.
- Comhairliúchán Poiblí maidir le Ráiteas Beartais Náisiúnta a ullmhú maidir leis an mBithghéilleagar
- Comhairliúchán Poiblí ar an Athbhreithniú Lárthearma ar Phlean Caipitil 2016–2021
- Éire 2040 – Ár bPlean: An Creat Náisiúnta Pleanála
- Dreasacht maidir le Teas In-athnuaite
- An tÚdarás Náisiúnta Iompair

Bonneagar

Leanann Coimisiún Forbartha an Iarthair ag tarraingt aird ar thábhacht an bhonneagair i gcomhair forbairt réigiúnach ina dteastaíonn bonneagar ar ardchaighdeán ó gach réigiún chun dul in iomaíocht go héifeachtach.

Grúpa Shlí Eacnamaíoch an Atlantaigh

Bíonn an fhoireann Anailíse Beartais rannpháirteach i nGrúpa Bonneagair Shlí Eacnamaíoch an Atlantaigh a thugann ionchur maidir le réimsí a bhíonn ag dó na geirbe do Choimisiún Forbartha an Iarthair.

Fuinneamh

Déanann foireann Anailíse Beartais an Choimisiúin an cás le haghaidh bonneagar fuinnimh ar ardchaighdeán atá riachtanach don fhás eacnamaíoch agus don fhorbairt i Réigiún an Iarthair. Má fhorbraítear bonneagar fuinnimh cruthóidh sé sin deis freisin chun forbairt bhreise a dhéanamh ar fhiontair fuinnimh in-athnuaite a bheidh in ann an leas is fearr a bhaint as sócmhainní nádúrtha an réigiúin. Déanann an Coimisiún anailís ar cheisteanna bonneagair, beartais agus rialála de réir mar a bhíonn tionchar acu ar cheisteanna bonneagair fuinnimh atá tábhachtach don réigiún.

Gás

Le blianta beaga anuas tá lónra an gháis nádúrtha leathnaithe go suntasach ar fud na hÉireann ach fós níl aon fáil ag an Iarthuaisceart ar bhonneagair gáis nádúrtha. Creideann an Coimisiún go rannchuideodh bonneagar gáis nádúrtha le forbairt an réigiúin agus go bhfuil ról aige ó thaobh tacaíocht a thabhairt don ghiniúint in-athnuaite. Is breosla iomaíoch é an gás nádúrtha lena ngabhann astaíochtaí CO₂ níos ísle ná breoslaí iontaise eile. Laghdódh fáil ar ghás nádúrtha costais fuinnimh do ghnóthaí agus d'úsáideoirí tí.

Leictreachas

Tá bonneagar leictreachais iontaofa ar ardchaighdeán riachtanach d'fhiontair a fheidhmíonn i Réigiún an Iarthair, agus chun gnó nua a mhealladh chuig an réigiún. Éascóidh bonneagar leictreachais níos fearr forbairt gnóthaí fuinnimh in-athnuaite freisin. Leanann an Coimisiún dá bhrí sin ag tarraingt ar aird ar cheisteanna bonneagair agus rialála a bhaineann le leictreachas de réir mar a bhíonn tionchar acu ar Réigiún an Iarthair.

Fuinneamh In-athnuaite

Tá acmhainní nádúrtha suntasacha i Réigiún an Iarthair agus tá an Coimisiún ag obair lena chinntiú gur féidir le fiontair fuinnimh in-athnuaite iad sin a úsáid ar bhealach inbhuanaithe, chun poist a chur ar fáil agus chun infheistíocht a thabhairt chuig an réigiún, mar aon le foinsí fuinnimh iomaíocha a sholáthar go háitiúil agus an caiteachas ar fhuinneamh a coinneáil inár réigiún agus inár dtír. Tá an Coimisiún dírithe go háirithe ar fhorbairt bithfuinnimh agus ar úsáid breoslaí in-athnuaite i gcomhair téimh.

Teileachumarsáid

D'fhógair an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil infheistíocht bhreise san earnáil phríobháideach chun an leathanbhanda a chur i bhfeidhm ar bhonn céimneach agus rinne siad nuashonrú ar a Léarscáil Náisiúnta Leathanbhanda. Rinne Deirdre Frost cathaoirleacht agus cur i láthair ag seoladh foirmiúil na léarscáile nua a rinne an tAire Naughton an 4 Aibreán 2017.

Iompar

Iarnród

D'ullmhaigh an Coimisiún aighneacht mar fhreagra ar Athbhreithniú Iarnróid 2016, a d'fhoilsigh an tÚdarás Náisiúnta Iompair agus Iarnród Éireann. Sainithnítear san Athbhreithniú Iarnróid an bhearna maoinithe atá tagtha chun cinn, agus scrúdaítear na roghanna maidir leis an mbearna sin a líonadh. Ábhar mór imní is ea an togra chun seirbhísí a ghearradh ar roinnt bealaí lena n-áirítear an píosa ó Inis go Baile Átha an Rí i Réigiún an Iarthair. Tarraingítear aird in aighneacht an

Choimisiúin ar an tábhacht atá leis an iarnród maidir le riachtanais iompair Réigiún an Iarthair (do phaisinéirí agus lastas araon) agus an gá atá le leibhéil seirbhíse a choimeád agus a fheabhsú i Réigiún an Iarthair agus an gá atá le scrúdú a dhéanamh ar an iarnród i gcomhthéacs gach modha iompair agus bhuntáistí comhshaoil an iarnróid.

Íoslódáil an Aighneacht anseo: [WDC Submission to Rail Review 2016, Jan 2017](#)

Ag Pleanáil don Todhchaí - Éire 2040

Aighneacht chuig an gComhairliúchán maidir leis an gCreat Náisiúnta Pleanála

Rinne Coimisiún Forbartha an Iarthair aighneacht maidir le [Éire 2040 – Ár bPlean: An Creat Náisiúnta Pleanála](#) i mí an Mhárta. Cumhdaíodh raon leathan topaicí sa pháipéar [Saincheisteanna agus Roghanna](#) idir dhúshláin náisiúnta pleanála agus inbhuanaitheacht, shláinte, bhonneagar agus an ról atá ag cathracha agus ag bailte. I ngné lárnach den pháipéar breithníodh an todhchaí i gcás ina mbeadh “gnó mar is gnáth” ina dtarlaíonn fás níos mó fós i mBaile Átha Cliath agus i réigiún an Lár-Oirthir agus tranglam méadaithe agus costais mhéadaithe dá bharr ar ghnóthaí agus ar an tsochaí, fad is atá ceantair eile den tír á bhfágáil ar an trá fholamh a mhéid is a bhaineann sé le hacmhainní nach bhfuil á n-úsáid, rud a mbeidh Éire siar leis sa deireadh thiar. Féachadh dá bharr sin sa pháipéar comhairliúcháin le hiniúchadh a dhéanamh ar na ceisteanna leithne a bhaineann le deiseanna agus bealaí eile chun bogadh ar shiúl ón gcás “gnó mar is gnáth”.

I ndiaidh dréacht den phlean Éire 2040 – Ár bPlean (an Creat Náisiúnta Pleanála) a fhoilsiú, rinne an Coimisiún aighneacht eile maidir leis an dréacht-dhoiciméad. Breithnítear na ceisteanna sin in aighneacht an Choimisiúin ó dhearcadh Réigiún an Iarthair de, riachtanais an Réigiúin, na deiseanna a chuirtear i láthair dá fhorbairt do gheilleagar agus do shochaí na hÉireann trí chéile agus na roghanna, na hinfheistíochtaí agus an beartas a theastaíonn chun fás réigiúnach agus acmhainneacht a bhaint amach.


An Plean Forbartha Náisiúnta

Rinne an Coimisiún aighneacht chuig an [gComhairliúchán Poiblí](#) maidir leis an Athbhreithniú Lárthearma ar [Phlean Caipitil 2016-2021](#). Lorgaíodh tuairimí sa chomhairliúchán maidir lenar cheart a chur san áireamh sa Phlean reatha (€42 billiún), os cionn agus thar a bhfuil áirithe ann cheana féin – ag eascairt as acmhainní breise (€5 bhilliún) atá á gcur ar fáil. Tharraing an Coimisiún aird ar an ngá atá le tosaíochtaí infheistíochta a bhreithniú a bheadh ar aon dul agus a thacódh leis an gCreat Náisiúnta Pleanála. Agus plé á dhéanamh ar an Ábhar Machnaimh don Athbhreithniú Lárthearma ar an bPlean Caipitil, tharraing an Coimisiún aird ar an tábhacht atá le bonneagar don fhorbairt réigiúnach, áit ina dteastaíonn bonneagar ar ardchaighdeán ó gach réigiún chun dul san iomaíocht go héifeachtach.

Comhairliúchán na Príomh-Oifige Staidrimh maidir le Daonáireamh 2021

Lorg an Phríomh-Oifige Staidrimh aighneachtaí maidir leis an gComhairliúchán Poiblí ar Ábhair an Cheistneora i nDaonáireamh 2021. Tá siad ag lorg moltaí maidir le tuilleadh ceisteanna a chur i nDaonáireamh 2021 agus an réasúnaíocht a bhaineann leis na ceisteanna sin a chur. Tá an fhoireann beartais ag ullmhú aighneachta ina dtabharfar cuntas ar an gcás le haghaidh sonraí níos fearr a thiomsú chun iad sin a oibríonn ón mbaile/a dhéanann ríomhobair a áireamh agus iad a thomhas agus freisin maidir le suiteálacha fuinnimh in-athnuaite sa bhaile.

CUID 2



AN RÉIGIÚN A CHUR CHUN CINN

AN RÉIGIÚN A CHUR CHUN CINN



Trínár n-ardán LookWest.ie lean Coimisiún Forbartha an Iarthair ag taispeáint na mbuntáistí a bhaineann le bheith ag obair agus le gnó a dhéanamh i Réigiún Iarthar na hÉireann do dhaoine aonair agus do ghnóthaí ar spéis leo bogadh anseo. Tá neart ábhair mórtais ag Réigiún Iarthar na hÉireann, na daoine a mhaireann ann, an tírdhreach, an cultúr, an chruthaitheacht agus an oidhreacht agus caighdeán saoil nach bhfuil a shárú le fáil.

Ar feadh 2017, lean LookWest.ie ag díriú ar na tacaíochtaí gnó agus fiontair atá ar fáil sa réigiún seo a chur chun cinn do dhaoine sa bhaile agus thar lear agus é mar aidhm infheistíocht isteach i Réigiún an Iarthair a mhéadú.



Staitisticí LookWest.ie 2017

Bainimid úsáid as ár gcainéil agus ár líonraí meán sóisialta chun na deiseanna sin a shroicheadh agus a chur faoi bhráid lucht féachana níos leithne. Fágann sé sin agus ár n-ábhar sainiúil agus an phoiblíocht a thugaimid don chaighdeán saoil san Iarthar go mealltar daoine agus infheistíocht chuig an Iarthar.

Thug níos mó ná 3,000,000 duine cuairt ar an suíomh gréasáin LookWest.ie ó bunaíodh ar dtús é. Rannóg a bhfuil níos mó agus níos mó tóir air ar LookWest is ea poist, ina dtaispeántar na deiseanna sainiúla fostaíochta san Iarthar.



Oibríonn LookWest.ie freisin le lucht cuardaigh fostaíochta agus le fostóirí tríd an gclár scileanna LW – áit ar féidir linn próifíl a chruthú den tallann, de na cáilíochtaí agus den taithí atá ag na daoine a chónaíonn san Iarthar nó atá ag beartú bogadh anseo. D'oibríomar in 2017 le páirtithe leasmhara, le Gníomhaireachtaí atá dírithe ar infheistíocht dhíreach eachtrach lena

n-áirítear IDA Ireland agus Fiontraíocht Éireann, Fostóirí, Gníomhaireachtaí Pleanála Réigiúnaí (Tionól Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair, an Fóram Scileanna Réigiúnach, Soláthraithe Ardoideachais, Earcailthe Tallainne / Nascóirí, agus Iarrthóirí Tallainne chun bearnaí a aithint maidir leis an bhfáil atá ar Shonraí Tallainne.

LookWest.ie ag Tacú le hImeachtaí sa Réigiún

Seafest / Féile na Mara 2017

Thug Coimisiún Forbartha an Iarthair a thacaíocht d'Fhóres na Mara leis an bpleanáil a bhain le SeaFest 2017 agus thug sé cúnann go deimhin le linn na féile freisin. Ba rud luachmhar don fhéile é an taispeántas LookWest.ie ag Féile na Mara agus ba dheis mhór é chun gnóthaí beaga muirí atá lonnaithe inár bpobail cois cósta a chur ar taispeáint.

D'fhorbair LookWest.ie feachtas Digiteach agus Caidrimh Phoiblí freisin chun na gnóthaí cruthaitheacha a bhí ag taispeáint a gcuid táirgí a chur chun cinn. Tharraing sé sin aird na meán. D'fhreastail os cionn 101,000 duine ar an bhféile agus d'fhreastail breis is 1,000 duine eile ar na himeachtaí a bhain le cúrsaí gnó a bhí ar siúl thar dhá lá ar an 29 agus 30 Meitheamh 2017.




Gillian Buckley
Bainisteoir Infheistíochta (WDC) leis An Taoiseach
Leo Varadkar ag Seafest 2017 i nGaillimh

THE Xchange

5-6 October 2017
Radisson Hotel Sligo

Are you an established business seeking to scale?
Do you see a global business in your future?
Do you want the opportunity to gain insight, experience, knowledge and build contacts with some of Ireland's most successful business leaders?

Join us on 5th & 6th October 2017 to become part of The Xchange

The Xchange is an opportunity to sit down one-to-one and discuss your business's plans, challenges and goals with some of the brightest and best business figures and leaders, exchanging advice, tips, shortcuts, do's and don'ts as well as suggestions for business success.

The Irishchild of Fargal Broder, CEO of Lifford Works, a premier provider of technical solutions to industry and recently voted one of Europe's fastest growing companies and George Mullin, CEO of the B&B Group responsible for designing, constructing and maintaining pitches for some of the most prestigious sporting events in the world.

Date/Time
Thursday 5th October 10am-5.30pm followed by a Gala dinner and Friday 6th October 8am-2pm

Location
Radisson Hotel Sligo

Cost
€285 (includes overnight accommodation, all meals/drink and workshop)
(Applications close Friday 19th September)

Endorsed by
Minister of Enterprise and Innovation
and the Business Development Commission

Supported by
Sligo, Donegal
and Enterprise Ireland Network

Find out more at www.thexchange.ie

The Xchange

Tá The Xchange, eispéireas cónaitheach de “luasaire forbartha gnó” 24 uair an chloig á reáchtáil le ceithre bliana anuas. Tairgtear seisiúin duine ar dhuine le fiontraíthe seanbhunaithe ag an ócáid, rud a théann chun tairbhe gach duine a bhíonn páirteach, mar aon le seisiúin líonraithe agus foghlama gearr. Baineann rannpháirtithe sa sásra speisialta forbartha gnó seo tairbhe as dlúth-leagan amach an lae, atá á spreagadh ag riachtanais na ndaoine. Is cinnte go mbaineann gach duine tairbhe as an ócáid. Is é Comhlachas Tráchtála agus Tionscail Shligigh a reáchtálann an clár. Tá an Coimisiún mar chomhpháirtí leis agus faigheann an ócáid tacaíocht ón gCoimisiún. Bhí aidhm shimplí ag The Xchange, an gá atá ann cuidiú agus cabhrú leis an gcéad ghluín eile de cheannairí gnó atá ag teacht chun cinn. Ó bunaíodh é in 2014, bhí os cionn 85 gnó agus breis is 60 ceannaire gnó rannpháirteach sna himeachtaí. Seo Cás-staidéar ó rannpháirtí Xchange roimhe seo <http://thexchange.ie/how-the-xchange-made-a-difference-to-big-red-barn-founder/>

An Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta 2017

LookWest.ie rannpháirteach ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta a bhí ar siúl i mí Mheán Fómhair sa Screagán, Tulach Mhór, Co. Uíbh Fhailí.



Micheal Ring TD, an tAire Forbartha Tuaithe agus Pobail le Mary Keaveney, Martin Hannon agus Ian Brannigan (WDC).

Poist in Iarthar na hÉireann a chur chun cinn ag imeachtaí éagsúla

D'fhreastail an Coimisiún ar roinnt imeachtaí a bhain le poist in 2017 inar cuireadh LookWest.ie chun cinn agus na poist atá á dtairiscint in Iarthar na hÉireann. Mar chuid de na himeachtaí sin bhí taispeántas Jabanna Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn, taispeántas innealtóireachta Institiúid Teicneolaíochta Shligigh agus an Taispeántas Jabanna i nGaillimh agus i mBaile Átha Cliath. Le linn thréimhse na Nollag, d'óstáil LookWest.ie lá oscailte earcaíochta i gcomhpháirt leis an ngnóthas mór earcaíochta as Éirinn CREGG Recruitment. Bhí an ócáid ar siúl i nGaillimh Déardaoine, 28 Nollaig.

An Chéad Taispeántas de Halal Daddy i Sligeach



Thug an Coimisiún tacaíocht don chéad léiriú scannáin i Sligeach de Halal Daddy faoi stiúir Conor McDermottroe arb as Sligeach ó dhúchas dó. Seoladh an scannán an 27 Meitheamh agus bhí LookWest.ie i mbun feachtais digiteach chun an ócáid a chur chun cinn.

Buaicphointí Digiteacha

- Shroich an haiscilib #HalalDaddy breis is 4 mhilliún duine ón 27–30 Meitheamh.
- D'amharc os cionn 1,100 duine ar an scéal faoi chéad léiriú Halal Daddy ar an idirlíon



Export Summit 2017: Local to Global



Bhí an Coimisiún rannpháirteach i gCruinniú Mullaigh Easpórtála 2017 le comhpháirtithe ó Oifigí Fiontair Áitiúla, Údarás na Gaeltachta, Lónra Fiontraíochta na hEorpa, Intertrade Ireland, Fiontraíocht Éireann, IDA Ireland, KPMG, Ionad Trádála Idirnáisiúnta Ireland West agus Collins McNicholas. Tugadh deis ag an lá sainiúil seo foghlaim faoi threochtaí atá ar na bacáin san earnáil easpórtála, chabhraigh an lá chun deiseanna easpórtála a iniúchadh, chun líonrú éifeachtach a dhéanamh chun deiseanna díolacháin a chruthú mar aon le comhairle a fháil faoi conas margaí easpórtála a éagsúlú



Comhdháil Thionól Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair/Choimisiún Forbartha an Iarthair, One Region One Vision


D'oibrigh Tionól Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair agus Coimisiún Forbartha an Iarthair i gcomhar lena chéile chun comhdháil réigiúnach a eagrú a bhí ar siúl in Óstán Bhóthar na Trá, Gaillimh Dé Máirt, 28 Samhain. Ba é téama na comhdhála 'Resilience and Ambition – Fuelling Ambition'. Bhí raon leathan cainteoirí i láthair lena n-áirítear Adrian Weckler, Eagarthóir Teicneolaíochta leis an Irish Independent; John Breslin, Ionad Insight, OÉ Gaillimh; Mary Rodgers,


The Portershed; Harry Hughes, Portwest; agus Michelle Murphy, Collins Mc Nicholas. Bhí roinnt pléphainéal ann le cainteoirí painéil eile.

Bhí LookWest.ie i mbun bainistiú na meán sóisialta ar lá Comhdháil Thionól Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair/Choimisiún Forbartha an Iarthair, One Region One Vision.

Torthaí Rannpháirtíochta #OneRegionOneVision ar na Meáin Shóisialta

- Luadh an haischlib 859 uair ar na meáin shóisialta, agus **836,000 duine tar éis é a fheiceáil.**
- Bhí an haischlib **#OneRegionOneVision** ag treochtáil in Éirinn ag uimhir a haon cúpla uair difriúil i rith an lae inné; in ainneoin go raibh neart rudaí eile ag tarlú sa nuacht.





Turasóireacht Ghnó i Réigiún Iarthar na hÉireann

D'oibrigh an Coimisiún go dlúth le grúpa turasóireachta gnó 'Meet in Galway' in 2017 chun stádas mar Bhiúró Comhdhála a bhaint amach trí Fáilte Éireann. I rith an ama sin thugamar faoi staidéar féidearthachta chun an cumas maidir le Biúró Comhdhála d'Iarthar na hÉireann a mheas, ina gcuimseofaí Sligeach, Liatroim, Dún na nGall, Maigh Eo, Ros Comáin agus Gaillimh. Tá Contae an Chláir mar chuid de Bhiúró Comhdhála na Sionainne.

Fuarthas amach sa staidéar gurb é Biúró Comhdhála na Gaillimhe an t-aon rogha fhéideartha atá ann go gearr nó go meántéarmach. Is mar gheall ar éileamh, rochtain agus taithí é sin thar aon ní eile. In 2018, oibreoidh an Coimisiún chun tacú leis an turasóireacht ghnó ar fud an réigiúin agus chun cás láidir gnó a thógáil maidir leis.

Tacú le hEarnáil bhríomhar Uisce Beatha i Réigiún Iarthar na hÉireann

Rinne an Coimisiún staidéar féidearthachta chun imscrúdú a dhéanamh ar

- Na deiseanna agus na dúshláin a bhainfeadh le drioglanna uisce beatha áitiúla don réigiún agus réitigh fhéideartha chun an ceann is fearr a fháil ar na dúshláin
- An t-éileamh reatha i dtéamaí codanna den mhargadh, treochtaí, deiseanna nua fáis agus tiománaithe an éilimh
- Samplaí de dhea-chleachtas náisiúnta agus idirnáisiúnta d'fhorbairtí/saoráidí den chineál céanna
- An chaoi ar féidir le Coimisiún Forbartha an Iarthair agus le páirtithe leasmhara eile tacú le forbairt na hearnála seo

Tá an staidéar féidearthachta curtha i gcrích anois agus tá an Coimisiún i mbun measúnú ar na moltaí agus na chéad chéimeanna eile a chuirfear i gcrích in 2018.



Clár Scileanna/Tallainne LookWest.ie

Bunaíodh an Clár Scileanna agus Fiontair ar LookWest.ie in 2006 agus fuaireamar deis oibriú le daoine aonair atá ag smaoineamh faoi athlonnú san Iarthar, atá ag beartú gnó a bhunú san Iarthar nó a bhogadh chuig an Iarthar agus/nó atá ar tí an coláiste a fhágáil agus atá ag beartú dul ag obair san Iarthar. Bhí sé mar aidhm próifíl a chruthú de thallann, de cháilíochtaí agus de thaithí na ndaoine atá ag smaoineamh ar bhogadh anseo agus ag iarraidh poist agus gnó a mhealladh go dtí an Réigiún.

Mar gheall ar an gcor chun donais eacnamaíoch, níor tugadh an oiread tosaíochta don chlár scileanna i dtéarmaí ghníomhaíochtaí agus fheachtais LookWest.ie. D'ainneoin sin tá spéis fós sa chlár scileanna. In 2016, fuaireamar os cionn 100 aighneacht ó dhaoine a bhfuil spéis acu athlonnú san Iarthar. Aithnímid an cumas atá ann oibriú le IDA, Fóraim Scileanna Réigiúnacha, cuideachtaí earcaíochta agus fostóirí chun tuilleadh daoine a spreagadh agus a chur chun cinn chun an clár scileanna a úsáid agus cuidiú le cuideachtaí agus le lucht earcaíochta tuilleadh daoine a chur ag obair anseo agus bogadh chuig an Iarthar ina dhiaidh sin. Tugtar tús áite freisin don tallann agus na scileanna a thaispeáint mar aon leis na tacaíochtaí gnó atá ar fáil sa réigiún chun comhlachtaí nua-thionscanta agus cuideachtaí a spreagadh a ngnó a bhogadh anseo.

Tá an Coimisiún tar éis Anailís Riachtanais a chur i gcrích bunaithe ar an gClár Scileanna a fhorbairt as an nua. Bhí dian-chomhairliúcháin againn le IDA, Fiontraíocht Éireann, Fóraim Scileanna Réigiúnacha, Colin McNicholas, fostóirí, etc. Is é an freagra a fuaireamar thar aon ní eile ná go bhfuil tosaíocht mhór leis an tionscadal seo agus go bhfuil spéis ag páirtithe leasmhara an tionscadal seo a fhorbairt.

CUID 3



FORBAIRT RÉIGIÚNACH



RURAL DEVELOPMENT

Forbairt gheilleagar an Iarthair a chur chun cinn bunaithe ar fhorbairt inbhuanaithe láidreachtaí agus acmhainní Réigiún an Iarthair.

Fóram Scileanna Réigiúnach an Iarthair

Tá an Coimisiún ag rannchuidiú go gníomhach le Fóram Scileanna Réigiúnach an Iarthair, agus é gníomhach i Líonra Díolachán nua-chruthaithe faoi stiúir an tionscail, mar aon le Líonra Adhmaid agus Trosacán uile-oileáin faoi stiúir an Tionscail agus Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Maigh Eo (GMIT), agus táthar ag díriú ar réimsí eile freisin, ina measc Fáilteachas agus Turasóireacht, cleachtais fiontar bheaga agus mheánmhéid atá báil don teaghlach, Brandáil agus Iniúchtaí ar Scileanna. Ceapadh na líonraí nua a bunaíodh chun comhoibriú idir an tionscal agus soláthraithe oideachais a éascú, agus oibriú i dtreo fáis ar bhealach nua. Tá sonraí maidir le Líonra Déantúsaíochta Adhmaid & Trosacán na hÉireann anseo: www.iwfm.ie

Staidéar Trialach Fiontraíochta ar Shlí Eacnamaíoch an Atlantaigh

Bhí Coimisiún Forbartha an Iarthair, trína rannpháirtíocht ar fhoghrúpa Fiontraíochta Shlí Eacnamaíoch an Atlantaigh (AEC), i gceannas ar iarratas ar Staidéar Féidearthachta REDF, thar ceann Foghrúpa Fiontraíochta AEC. Cuireadh cleachtadh trialach i gcrích in dhá shuíomh réigiúnacha: Inis & Sligeach, ag féachaint le treo a thabhairt do Staidéar Fiontraíochta Réigiúnaí. Cuireadh an tionscnamh trialach i gcrích i mí Eanáir, agus táthar i mbun machnaimh faoi láthair ar an togra don chéad chéim eile.

D'éirigh le foghrúpa Fiontraíochta Shlí Eacnamaíoch an Atlantaigh maoiniú a fháil ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail chun naonúr Oifigeach AEC a earcú laistigh de na Comhairlí Contae chun an togra réigiúnach don chéad chéim eile a sheachadadh. Leagtar plean tionscadail ocht seachtaine amach le dhá réimse oibre atá comhthreomhar le chéile:

- Aithris a dhéanamh ar an gcleachtadh i naoi n-údarás áitiúil, ag úsáid bonn acmhainní an údarais áitiúil
- An dá thionscadal taispeántóra a fhorbairt go Clár Gníomhaíochta in Inis agus i Sligeach.

Tascfhórsa Shlí Eacnamaíoch an Atlantaigh

Sheol an Taoiseach Enda Kenny, T.D. Tascfhórsa Shlí Eacnamaíoch an Atlantaigh, faoi stiúir Seán Kyne, T.D., an tAire Stáit le cúram as Acmhainní Nádúrtha, Gnóthaí Pobail agus Forbairt Dhigiteach, i gCaisleán an Bharraigh i mí Feabhra 2017. Bhuaill an Tascfhórsa le chéile trí huair in 2017 agus phléigh siad an Creat Náisiúnta Pleanála, Bonneagar, Cumarsáid, Fiontar agus Maoiniú AE.

Turasóireacht Réigiúnach Shlí an Atlantaigh Fhiáin

Tá acmhainn fhorleathan sa réigiún seo trína shócmhainní nádúrtha, tógtha agus cultúrtha. D'fhonn cur chuige ina gcuirfear forbairt chun tosaigh a sheachaint i dtaca le pleanáil na turasóireachta, a raibh fadhbanna leis ar fud an domhain, bheadh gá leas a bhaint as cur chuige fianaise-bhunaithe maidir le pleanáil na turasóireachta a chaithfear a atreisiú sa réigiún. Tá an Coimisiún ag obair i gcomhpháirt le Grúpa Taighde Shlí an Atlantaigh Fhiáin, faoi stiúir Institiúid Teicneolaíochta Shligigh chun cur chuige fianaise-bhunaithe a thabhairt isteach. Cuirfear staidéar trialach i gcomhar le trí Chomhairle Contae, Dún na nGall, Sligeach agus an Clár, i gcrích in earrach na bliana 2018. Tá Grúpa Taighde Shlí an Atlantaigh Fhiáin dírithe ar cheist na Turasóireachta Inbhuanaithe. Cuimsítear i nGrúpa Taighde Shlí an Atlantaigh Fhiáin ionadaithe as OÉ Gaillimh, Coláiste Ósta na Sionainne, Institiúid Teicneolaíochta Shligigh, agus Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn. Samhlaítear le Clár Gníomhaíochta 2018 go mbeidh próiseas den chineál céanna ann ar scála réigiúnach.

Réigiún Cliste

Díríonn beartas réigiúnach an Choimisiúin Eorpaigh ar speisialú cliste (RIS3). Is cur chuige straitéiseach é sin maidir le forbairt eacnamaíoch trí thacaíocht spriocdhírthe do thaighde agus nuálaíocht. Is tionscnamh é Áiteanna Cliste a bhfuil trí eagraíocht ag obair air i gcomhpháirt lena chéile, dream a tháinig le chéile chun réigiún cliste a fhorbairt in Iarthuaisceart na hÉireann: Coimisiún Forbartha an Iarthair, Tionól Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair, agus Ionad Anailísíochta Sonraí Insight, OÉ Gaillimh (Insight). Áirítear leis an réigiún Áiteanna Cliste na naoi gcontae in Éirinn atá cumhdaithe ag an eagraíocht chomhpháirtíochta, le daonra iomlán milliún duine de réir dhaonáireamh 2016. Tá ár nGrúpa Oibre don Réigiún Cliste ag obair i dtreo tuarascáil faoin Ullmhacht Réigiúnach Chliste a fhoilsiú in earrach na bliana 2018. Lorgaíodh rannpháirtíocht réigiúnach thar cheithre réimse – príobháideach, poiblí, pobal agus acadúil – faoi na seacht gcolún seo a leanas:

Ceapadh an tionscnamh Áiteanna Cliste chun creat straitéiseach agus bealach a sholáthar lena chinntiú gur féidir leis an réigiún ailiú le beartas réigiúnach na hEorpa.

Fuinneamh In-athnuaite – Plean Gníomhaíochta i gcomhair Post, Staidéar Teasa

Rinne Coimisiún Forbartha an Iarthair agus Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) anailís ar úsáid bithmhaise i réigiún an Choimisiúin, mar aon le measúnú ar mar a chuireann sé leis an sprioc náisiúnta maidir le teas in-athnuaite. Ní cheaptar go mbainfidh Éire amach a sprioc maidir le fuinneamh in-athnuaite, ní raibh teas in-athnuaite go háirithe ach ag 6.5% faoi 2015 agus is é 12% an sprioc le haghaidh 2020. Chun dul i ngleic leis sin tá an Rialtas chun Dreasacht maidir le Teas In-athnuaite a thabhairt isteach. Ceapadh an Dreasacht sin chun dlús a chur faoi fhás in úsáid bithmhaise trí íocaíochtaí a thairiscint le haghaidh torthaí teasa in-athnuaite. Déantar cur síos sa staidéar sin ar scála na húsáide reatha agus moltar gur féidir

sprioc a bhaint amach le bithmhais i réigiún an Choimisiúin faoin mbliain 2020. Seolfar an tuarascáil in earrach na bliana 2018, mar aon leis an gcéad chéim eile den Chlár Gníomhaíochta Fuinnimh In-athnuaite.

RE-DIRECT (Forbairt Réigiúnach agus Comhtháthú na dramhaíola bithmhaise gan úsáid mar Acmhainní do tháirgí ciorclacha agus Claochlú eacnamaíoch) – Tionscadal AE

Tá an Coimisiún ag obair i gcomhpháirt le heagraíochtaí agus le hollscoileanna sa Bheilg, sa Fhrainc, sa Ghearmáin, sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn ar an tionscadal RE-DIRECT, chun díriú ar bithmhais dramhaíola a thiontú go gualach gníomhachtaithe breisluacha nó táirgí bithghualaigh, trí phróiseas tiontaithe teirmigh ar a dtugtar pirealú. Tá an Coimisiún bainteach le feachtas a ardú agus oibriú le fiontair bheaga agus mheánmhéide áitiúla a bhfuil dearcadh fadtéarmach acu maidir le haonad tiontaithe áitiúil a bhunú, ar aon dul le deiseanna sóisialta agus eacnamaíocha.

Bailte Beaga, Deiseanna Móra

Leanann an fhoireann Forbartha Réigiúnaí ag obair le bailte agus le geografaíocht ar fud an réigiúin. Áirítear leis an liosta seo Leitir Fraic, an Gort, Béal Átha na Sluaighe, Tuaim. Tá na hiarrachtaí i Leitir Fraic tógtha ar thuarascáil nua a choimisiúnaigh an Coimisiún in 2016 dar teideal *The Economic Development Potential of Rural Areas in the West of Ireland*. Sainithníodh turasóireacht bunaithe ar oideachas i dtuarascáil an Choimisiúin, dírithe ar choláistí as na Stáit Aontaithe, mar dheis forbartha do bhailte agus do shráidbhailte faoin tuath. I bplean gníomhaíochta 2017 d'fhorbairt tuaithe *Realising our Rural Potential*¹, Gníomh 165, féachtar le scrúdú a dhéanamh ar an gcumas chun ceantar tuaithe na hÉireann a chur chun cinn mar sprioc-rogha do choláistí as na Stáit Aontaithe ar mian leo leas a bhaint as eispéireas foghlama bunaithe faoin tuath nó ar eispéireas staidéir thar lear. Tá cás-staidéar (lch 72) sa dréacht den Chreat Náisiúnta Pleanála, *Éire 2040 – Ár bPlean*² ar Connemara West plc a bhí mar cheannródaithe ar shamhail forbartha

¹ <http://www.chg.gov.ie/app/uploads/2017/01/162404-rural-ireland-action-plan-web-2-1.pdf>

² <http://npf.ie/draft-of-ireland-2040/>

faoi threoir an oideachais dírithe ar na Stáit Aontaithe. In 2018, oibreoidh an Coimisiún ar an gcur chuige fianaise-bhunaithe sin chun Staidreamh scóipe a dhéanamh ar earnáil Staidéir Neamhspleách Thar Lear sna Stáit Aontaithe in Éirinn agus Iarthar Chonamara agus deiseanna maoinithe a lorg le GMT i Leitir Fraic, ar nós an Chiste Forbartha Fiontraíochta Réigiúnaí ó Fhiontraíocht Éireann.



FIS TV Summit

Bhí Cruinniú Mullaigh FIS TV ar siúl i nGaillimh an 12 Deireadh Fómhair agus é á óstáil ag Ionad Scannán na Gaillimhe, i gcomhar le TG4, Coimisiún Forbartha an Iarthair, Údarás na Gaeltachta, Gréasán na Meán, Screen Training Ireland, Údarás Craolacháin na hÉireann, RTÉ, GMT, an Eoraip Chruthaitheach, Gaillimh, Mazars agus an Chomhairle Ealaíon. Tá Éire agus Iarthar na hÉireann á gcur ar an stáitse domhanda, mar ionad barr feabhais do léiriú meán, atá ar cheann de phríomhcholúin bheartas ealaíon an Rialtais. Bhí an cruinniú mullaigh idirnáisiúnta dírithe ar léiritheoirí agus ar chruthaitheoirí ábhar as gach cearn d'Éirinn agus bhí sé ar siúl in Óstán Chuan na Gaillimhe i mBóthar na Trá.

Foireann Thionscadail AE – Cumas don Réigiún agus dá pháirtithe leasmhara

Fuinneamh In-athnuaite

'Fiontar Gnó um Fhuinneamh In-athnuaite a Ghiniúint'

In 2016 bhí Coimisiún Forbartha an Iarthair mar chomhpháirtí sa tionscadal FREED, tionscadal trí bliana ar fiú €1.9 milliún é agus atá maoinithe faoi Chlár Fhorimeall Thuaidh agus Artaigh Interegg 2014-2020. Tá sé mar aidhm ag FREED (Acmhainní Maoinithe i gcomhair Nuálaíochta i bhForbairt Fiontar Fuinnimh) www.freedproject.eu an líonra tacaíochta a chur ar fáil d'Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide i réimse an chláir chun nuálaíochtaí fuinnimh a thabhairt isteach agus a fhorbairt, nach mbeadh ar fáil dóibh murach sin.

Leanadh den tionscadal in 2017 le cruinnithe comhpháirtíochta san Fhionlainn agus i nGaillimh. Roghnaíodh sé nuálaíocht i dTeicneolaíocht Fuinnimh trí phróiseas meastóireachta trasnáisiúnta agus tá siad á bhforbairt i láthair na huaire.

Tá sé mar aidhm freisin ag an Tionscadal FREED tacú le cuideachtaí nuálaíochta fuinnimh ina gcéim forbartha gnó chun acmhainní airgeadais a mhealladh ón earnáil phríobháideach – bhí Ceardlanna Maoinithe ar siúl in Inis Ceithleann agus in Albain agus bhí sé mar aidhm treoir a chur ar fáil do chuideachtaí a bheadh ag freastal ar an gceardlann agus as sin go bhfaighfí rochtain ar mhaoiniú.



Cruinnithe Comhpháirtithe Tionscadail FREED in Inis Ceithleann
Tosaigh L - R: Nick Lyth - Sindeacáit Aingeal Ghlais, Chris Ashe - An Institiúid Eorpach um Nuálaíocht, Mary Keaveney - WDC, Niko Hänninen - Ollscoil Oulu, John Harrison - Coláiste an Iardheiscirt Inis Ceithleann, Benjamin Daumiller - An Institiúid Eorpach um Nuálaíocht, Padraig Cullen - Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh, Derek Blackweir - Institiúid Teicneolaíochta Luimnigh.

Díreofar na gníomhartha atá ar na bacáin agus a bhfuil na Comhpháirtithe ag tnúth leo ar scaipeadh na nuálaíochtaí ina gcainéil réigiúnacha trí chomhdhálacha a eagrú le páirtithe leasmhara spriocdhírithe agus ionadaithe institiúide.

GEILLEAGAR CRUTHAITHEACH



tionscadal creative momentum

Is tionscadal trí bliana (Bealtaine 2015-Bealtaine 2018) é tionscadal creative momentum chun tacú le forbairt earnáil na dtionscal cruthaitheach. Is é Coimisiún Forbartha an Iarthair an príomhchomhpháirtí agus tá na comhpháirtithe eile i dTuaisceart Éireann, sa tSualainn, san Fhionlainn agus san Íoslainn. Seo roinnt de phríomhghníomhaíochtaí an tionscadail le linn 2017:

MyCreativeEdge.eu

Seoladh an suíomh gréasáin MyCreativeEdge.eu an chéad lá riamh in 2013 tríd an tionscadal 'Imeall Cruthaitheach'. Ceann de phríomhghníomhaíochtaí an tionscadail creative momentum ab ea an suíomh a athfhorbairt agus a athdhearadh chun é a chur in oiriúint d'athruithe teicneolaíochta, é a dhéanamh níos idirghníomhaí agus solúbthacht níos fearr a thabhairt do bhaill nuair a bhíonn próifíl á cruthú acu. Is é feidhm an tsuímh an obair a dhéanann fiontair chruthaitheacha ó na réigiúin chomhpháirtíochta a chur ar taispeáint agus nasc eatarthu a éascú.

I ndiaidh mór-obair athfhorbartha i rith 2016, chuaigh an suíomh gréasáin nua MyCreativeEdge.eu beo ar an 1 Márta 2017. Tá na codanna seo a leanas ar an suíomh nua:

- **Profiles** – Próifílí a chruthaíonn baill agus a shórtáiltear de réir réigiúin agus earnála (na hEalaíona, Ceardaíocht, Dearadh agus Meáin & Teicneolaíocht)
- **Ideas** – In Profile (agallaimh le lucht na n-ealaíon), Deep in Thought (postálacha blaganna), Knowledge Centre (acmhainní faisnéise), Social Wall
- **News & Events**
- **Places** – Spaces (próifílí spásanna comhoibre cruthaitheacha), Trails (rianta turasóireachta de stiúideonna cruthaitheacha oscailte etc).



Rinneadh brandáil nua ar mheáin shóisialta agus ar nuachtlitir MyCreativeEdge, ag teacht le dearadh nua an tsuímh. Cuireadh feachtas fógraíochta digitéil le haghaidh MyCreativeEdge.eu i bhfeidhm ó mhí Iúil 2017 agus díriodh ar na cúig thír chomhpháirtíochta, Meiriceá Thuaidh agus an Ríocht Aontaithe. Is iad seo a leanas na príomhbhealaí a úsáideadh:

- Fógraí íochta ar Facebook
- Líonra Taispeána Google

Úsáideadh íomhánna san fheachtas de shaothar cruthaitheach bhaill MyCreativeEdge.eu. D'fhonn Banc Íomhánna an fheachtais a leathnú, rinne Coimisiún Forbartha an Iarthair gairm ar iarratais le haghaidh fiontair chruthaitheacha i Réigiún an Iarthair chun fótaisheisiún gairmiúil a fháil dá bhfiontar. Roghnaíodh 21 fiontar cruthaitheach – trí cinn as gach ceann de na seacht gcontae – chun tacaíocht a fháil. Cuireadh seisear grianghrafadóirí ar chonradh chun an obair cheamara a dhéanamh agus reáchtáladh an 21 sear i rith na chéad ráithe de 2017. Chuir an fiontar agus an Coimisiún na híomhánna ar fáil le húsáid i ngníomhaíochtaí poiblíochta le haghaidh MyCreativeEdge.eu.

An Clár	McKernan Woollen Mills The Secret Life of Plastic Sallyann's Handmade Bags
Dún na nGall	Moville Pottery Ruth Graham / Aye Do Storyburst
Gaillimh	Celtic Fairy Doors Lynsey de Burca Bernice/Cavas to Candle
Liatroim	Front & Back ArtWood Louise Carroll Designs
Maigh Eo	Little Gem Puppets Hewn Spoons Hawthorne & Rose
Ros Comáin	Frances Crowe Tapestry Artist Black Hen Designs Creative Edge Design
Sligeach	Hawk's Well Theatre Tiffany Budd Goldsmith Mother Says Design

Bhí 35,452 seisiún uathúil (cuairteanna ar an suíomh) ar MyCreativeEdge.eu ó 25,799 úsáideoir (cuairteoirí aonair) i rith 2017. Mar atá le feiceáil ón gcairt, bhí tionchar ollmhór ag cur i bhfeidhm an fheachtais margaíochta digitéil ó mhí Iúil go mí na Samhna ar líon na seisiún ar an suíomh gréasáin. Bhí líon iomlán na gcuairteanna ar an suíomh sa dara leath de 2017 (22,275) 60% níos airde ná sa chéad leath den bhliain (13,177).



Baill The Chruthaitheacha

Tar éis gairm iomaíoch ar iarratais, fuair ceathrar dearthóirí ó lathar na hÉireann tacaíocht ón gCoimisiún chun a bheith rannpháirteach sa Bhall Te Cruthaitheach le haghaidh 'Seachtain Dearaidh an Artaigh' in Rovaniemi, i Laplainn na Fionlainne i mí Feabhra. Bhí siad i measc 15 dearthóir as Éirinn, an tSualainn, an Íoslainn agus Tuaisceart Éireann a fuair tacaíocht ón tionscadal chun a bheith rannpháirteach. Ba iad na dearthóirí Éireannacha:

- Jo Anne Butler, Superfolk, Mayo
- Deirdre Duffy, Wild Cocoon, Mayo
- Davin Larkin, Galway
- Ainslie Peters, Nadhura Design, Galway

I ndiaidh gairm iomaíoch ar iarratais, roghnaíodh triúr ceoltóirí as lathar na hÉireann chun tacú leo a bheith rannpháirteach i mBall Te Cruthaitheach na hÍoslainne, 'Féile Ealaíon Ceol Tíre Vaka', i mí na Bealtaine 2017. Ba iad na ceoltóirí:

- Mharhi Baird, Galway
- Ailsing Ní Churraighín, Donegal
- Tiarnan O Duinnchinn, Mayo

D'oibrigh Coimisiún Forbartha an Iarthair le OÉ Gaillimh chun rannpháirtíocht i 'dtionscadal creative momentum' a eagrú sa Bhall Te Cruthaitheach deiridh, ag 'Fleadh Scannán na Gaillimhe' i mí Iúil 2017. Rinne an tionscadal urraíocht ar Fhleadh Scannán na Gaillimhe agus tugadh tacaíocht do naoi scannán as an bhFionlainn, an tSualainn, Tuaisceart Éireann agus an Íoslainn chun a bheith rannpháirteach san Fhleadh, lena n-áirítear an 'tAonach Scannán' atá dírithe ar an tionscal. Chuidigh an Coimisiún freisin le himeacht Malartaithe Chruthaitheach a d'eagraigh OÉ Gaillimh le bheith ar siúl ag an am céanna leis an bhFleadh 'Screen Industries on the Periphery: Policy and Practice' ar an 12 Iúil. Bhí lucht déanta na scannán [an-sásta](#) leis an lá.



Daoine a d'fhreastail ar an ócáid Malartaithe Chruthaitheach p Tapáil i dTurasóireacht Poitéinseal do Réigiúin 'a eagraíodh faoi' a momentum project project 'ag an Spool Factory, Mainistir na Búille, 14 Samhain 2017.

Malartáin Chruthaitheacha:

Eagraíodh imeacht faisnéise agus líonraithe don 'Malartán Chruthaitheach' mar chuid den tionscadal creative momentum ag an Monarcha Spóil, Mainistir na Búille, Co. Ros Comáin Dé Máirt, 14 Samhain. Ba é topaic an lae 'Tap into the Tourism Potential of your Region' agus rinne na cainteoirí iniúchadh ar chumas na nasc idir earnáil na turasóireachta agus na cruthaitheachta.



Comhpháirtithe tionscadail agus cainteoirí idirnáisiúnta ag an ócáid Malartaithe Chruthaitheach 'Tionscail Thionsclaíocha ar an Imeall: Polasáí agus Cleachtas' arna eagrú faoi 'tionscadal móiminteam cruthaitheach' in OÉ Gaillimh le linn Fleadh Scannán na Gaillimhe, 12 Iúil 2017.

D'fhreastail 37 rannpháirtí as na tionscail chruthaitheacha agus as earnálacha na turasóireachta ar an ócáid. Bhí na rannpháirtithe an-tógtha leis. Tá tuarascáil maidir leis an imeacht agus na cuir i láthair ar fáil anseo <https://mycreativeedge.eu/deep-in-thought-item/tap-tourist-potential-region/>


Meaitseáil Creative2Creative

Is clár 'piar-mheantóireachta' ar líne é Creative2Creative ina n-oibríonn beirt fhiontraithe chruthaitheacha as tíortha difriúla le chéile ar líne chun a n-eispéiris a roinnt lena chéile. Bhí ceithre ghairm ar iarratais i rith an tionscadail agus meaitseáladh ocht ngrúpa ag dul ar aghaidh ón gcéad ghairm ar iarratais; bhí cúig 'bheirt meaitseáilte' ón dara gairm; trí 'bheirt meaitseáilte' ón tríú gairm; agus cúig 'bheirt meaitseáilte' ón gceathrú gairm.

D'earcaigh Coimisiún Forbartha an Iarthair SCUUL chun tacaíocht ghnó a chur ar fáil do roinnt de na 'beirteanna meaitseáilte' trasnáisiúnta, á gcomhordú ag an gCoimisiún. Mar chuid den tacaíocht sin éascaítear dhá sheisiún dhá uair an chloig ar líne leis na beirteanna chun cuspóirí a shainiú agus éachtaí a mheas.

Tháinig roinnt torthaí dearfacha chun cinn ón bpróiseas meaitseála Creative2Creative lena n-áirítear an meaitseáil idir [an t-ealaíontóir taipéise Éireannach Frances Crowe \(Ros Comáin\)](#) agus an t-ealaíontóir taipéise Sualannach Margareta Sörlin.

CUID 4



CISTE INFHEISTÍOCHTA AN WDC

CISTE INFHEISTÍOCHTA AN WDC

Caipiteal riosca a sholáthar do Mhicrifhiontair, d'Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide, agus d'Fhiontair Shóisialta (agus iad ag tosú amach nó ag fairsingiú) trí Chiste Infheistíochta Choimisiún Forbartha an Iarthair.

Is ciste bainistithe de chuid an Choimisiúin é Ciste Infheistíochta Choimisiún Forbartha an Iarthair trína soláthraítear caipiteal riosca (caipiteal síl agus fiontair agus airgead ar iasacht) do mhicrifhiontair, d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide agus d'fhiontair shóisialta. Is ar bhonn tráchtála a fheidhmíonn an ciste agus déantar infheistíocht gnáthscaireanna trí úsáid Phrionsabal Infheisteoirí Gheilleagar an Mhargaidh. Tugtar iasachtaí ar théarmaí tráchtála agus is é an Ráta Tagartha d'Éirinn an ráta úis a ghearrtar.

Go dtí seo, tá breis agus €48.5 milliún infheistithe ag an gCoimisiún in 139 fiontar beag agus meánmhéide, micrifhiontar agus fiontar sóisialta sa réigiún.

In 2017, d'infheistigh an Coimisiún €540,000 i seacht ghnó, idir fhiontair bheaga agus mheánmhéide, mhicrifhiontair agus fhiontair shóisialta, a thairgeann fostaíocht ardoilte i réimse earnálacha ó ghléasanna leighis agus forbairt bogearraí go déantúsaíocht ardteicneolaíochta agus tionscail chruthaitheacha le cois seirbhísí a bhfuil géarghá leo i bpobail áitiúla. Ghiaráil infheistíocht an Choimisiúin beagnach €7 milliún in

Rochtain ar Airgeadas i rith 2017



7

gnóthas le tacaíocht



€540k

a híocadh



€7M

Géillte d'fhiontair

infheistíocht bhreise sa réigiún in 2017. Le haghaidh gach euro a d'infheistigh an Coimisiún, gearáladh €12 eile d'fhiontair sa réigiún.

Ciste Micri-Iasachta: Tionscail Chruthaitheacha

Rinne an Coimisiún príomhshruthú ar an gCiste Micri-Iasachta: Tionscail Chruthaitheacha. Is é aidhm an chiste ná tacú le tionscail chruthaitheacha, rud ar réimse acmhainneacht fáis atá ag forbairt laistigh den réigiún é, bunaithe ar thaighde fairsing an Choimisiúin. Is fadhb í rochtain ar airgeadas do na Tionscail Chruthaitheacha agus, mar sin, féachtar leis an bhfadhb seo a mhaolú tríd an gciste agus trí mheicníocht thráthúil, iomchuí maoinithe a sholáthar. Léirítear sa tionscnamh tiomantas an Choimisiúin d'fhás fiontar agus don bhéim a leagann sé ar inbhuanaitheacht agus ar fhás réigiúnach trí fhostaíocht, tríd an bhfiontraíocht agus tríd an easpórtáil. Mar gheall ar chomh maith is a d'éirigh leis an treoirthionscadal, cuireadh an ciste ar bun go buan.



Ciste WRAP

In 2017, chomhoibrigh Coimisiún Forbartha an Iarthair le hIonad Scannán na Gaillimhe agus d'fhorbair siad ciste infheistíochta tiomanta don earnáil chlosamhairc, Ciste Léiritheoirí Closamhairc Réigiún an Iarthair – nó Ciste WRAP. Tá €2 mhilliún curtha i leataobh ag an gCoimisiún don chiste seo chun tionscal na scannán, na teilifíse, na beochana agus na cluichíochta a spreagadh in Iarthar na tíre.

Reáchtálfar é thar thréimhse trí bliana. Thug seacht gcinn as na hocht n-údarás áitiúla inár Réigiún (an Clár, Dún na nGall, Gaillimh, Maigh Eo, Ros Comáin agus Sligeach) agus Údarás na Gaeltachta tacaíocht do chostais oibríochta an Chiste WRAP.

Táthar ag súil go méadófar leis sin líon na dtionscadal léiriúcháin ábhair ar an scáileán a chruthófar sa réigiún, rud a chruthóidh fostaíocht dhíreach de 90 post.

Chomh maith le tacaíocht a thabhairt do thionscadail áitiúla, táthar ag súil go gcuideoidh an Ciste freisin chun comhlachtaí léiriúcháin idirnáisiúnta a mhealladh chuig réigiún an iarthair, rud a mbeidh buntáistí aige don gheilleagar i gcoitinne agus do thurasóireacht chuig an réigiún amach anseo.

Tá sé beartaithe ag an gCiste WRAP tacú le 15 thionscadal forbartha, agus táthar ag súil go bhfaigheadh 20 faoin gcéad ar a laghad díobh sin acmhainní chun go mbeifear in ann iad a léiriú ó thús deiridh. Tabharfar tacaíocht do thart ar dheich gcomhléiriúcháin mhaoinithe idirnáisiúnta eile sa réigiún.

Tá Bainisteoir Forbartha an Chiste WRAP aimsithe



An tAire Stáit um Ghnóthaí Tuaithe agus Acmhainní Nádurtha, Seán Kyne le Geraldine McLoughlin, Feidhmeannach Infheistíochta, Coimisiún Forbartha an Iarthair agus Celine Curtin, Cathaoirleach, Ionad Scannán na Gaillimhe ag seoladh an Chiste WRAP.

ag Ionad Scannán na Gaillimhe agus táthar ag súil go dtosódh sí ag obair ag tús mhí Aibreáin 2018.

Ciste Iasachta Pobail

In 2017 sheol an Coimisiún a Chiste Iasachta Pobail in athuair le ráta úis 3% níos ísle d'fhiontair shóisialta sa phobal agus d'fhiontair shóisialta gan beann ar bhrabús. Rinne an Coimisiún an laghdú sin chun léiriú a thabhairt ar an tábhacht atá le tionscadail atá á bhforbairt ag eagraíochtaí pobail agus ag eagraíochtaí gan beann ar bhrabús i Réigiún an Iarthair agus an tionchar an-ard ar bhonn socheacnamaíoch atá ag na tionscadail sin ar a gcuid pobal agus ar an réigiún. Cuideoidh an ráta úis íseal sin chun na tionscadail seo a dhéanamh níos inmharthana trí chostas na n-aisíocaíochtaí a laghdú.



Luasairí Réigiúnacha

Bhí baint mhór ag an gCoimisiún le trí Luasaire sa réigiún in 2017:



BioExel inar díriodh ar an earnáil teicneolaíochta míochaine (Medtech) agus a chuir sé chuideachta ar an ngearrliosta i gcomhair rannpháirtíochta/infheistíochta sa chéad chohórt



NDRC@Portershed inar díriodh ar an earnáil TF agus inar roghnaíodh deich gcuideachta i gcomhair rannpháirtíochta/infheistíochta sa chéad chohórt



YieldLab inar díriodh ar an earnáil teicneolaíochta talmhaíochta agus inar roghnaíodh ceithre chuideachta i gcomhair rannpháirtíochta/infheistíochta sa chéad chohórt

Táthar ag súil go dtacóidh na cláir sin le comhlachtaí a bheidh ag tosú amach chun dlús a chur faoina bhforbairt agus líon na gcuideachtaí rathúla sa réigiún sa spás teicneolaíochta a mhéadú, ag baint leas as cáil agus cuntas teiste an réigiúin sna hearnálacha teicneolaíochta míochaine, TFC agus teicneolaíochta talmhaíochta.



MedTech Accelerator with Gillian Buckley Investment Manager (WDC) and An Tánaiste, Frances Fitzgerald TD, Minister for Business Enterprise and Innovation.

An tionchar airgeadais

Ní bhfuair an Coimisiún aon mhaoiniú ón státchiste don Chiste Infheistíochta ó 2010 agus braitheann sé go hiomlán ar a mhaoiniú rothlaithe le hinfeistíochtaí nua agus leantacha a dhéanamh. D'éirigh leis an gCoimisiún a shamhail do Chiste Síorghlas inbhuanaithe a fhorbairt agus d'éirigh sé neamhspleách i dtaca le maoiniú infheistíochta de. Mar Chiste Síorghlas, athinfeistítear an t-airgead ar fad a athshaothraítear i bhfiontair i Réigiún an Iarthair. Bhí bliain eisceachtúil ag an gCoimisiún in 2017 le sé scor as a bhfaighfear €18.8 milliún do Chiste Infheistíochta an Iarthair má bhaintear na garspriocanna ar fad amach. Cuireann an leibhéal aschuir sin ar an infheistíocht athrú ó bhonn i láthair don Chiste Infheistíochta, ag tairiscint cúlchistí suntasacha caipitil dó den chéad uair sa réigiún.

Toradh ar Infheistíocht

An tionchar socheacnamaíoch

Trína phunann infheistíochta rathúil, thaispeáin an Coimisiún a éifeachtaí atá sé maidir le tairbhí socheacnamaíocha suntasacha a sholáthar don rialtas trí thacú le fiontair agus le poist ar bhealach inbhuanaithe.





Léirítear i dtaighde a rinneadh⁶ go dtacaíonn comhlachtaí Phunann Chiste Infheistíochta Choimisiún Forbartha an Iarthair le fostaíocht breis is 5,000 duine ar leithdháileadh bliantúil státchiste €3 mhilliún, ar an meán, thar thréimhse deich mbliana. Tá 2,500 duine fostaíthe i gcomhlachtaí/tionscadail punainne. Tá ar a laghad an méid céanna arís fostaíthe i bpoist eile a eascraíonn astu sin, bunaithe ar iolraí dar suim a haon. Ba é €63 milliún an caiteachas bliantúil ar thuastail agus pá, spreagthach an-suntasach don gheilleagar áitiúil agus aisíocadh €18 milliún de seo leis an státchiste mar chánacha párolla.

Easpórtáiltear 70% de láimhdeachas na gcomhlachtaí seo, rud a chuidíonn leis an téarnamh mar gheall ar easpórtáil. Is táscaire an-suntasach eile ar thionchar eacnamaíochta agus nuála an caiteachas €24m ar Thaighde agus Forbairt. Chinntigh Ciste Infheistíochta Choimisiún Forbartha an Iarthair breis is ceathrú billiún i bhfoirm infheistíochta.

Ina theannta sin, cuid mhór de na tionscadail a dtacaítear leo, cruthaíonn siad díbhinn bhreise shóisialta trí áiseanna agus seirbhísí a bhfuil géarghá leo i bpobail áitiúla e.g. cúram leanaí, tithíocht shóisialta, spás fiontraíochta, áiseanna spóirt agus fóillíochta.

⁶ Survey of portfolio companies carried out in 2016

CUID 5



SEIRBHÍŚÍ CORPARÁIDEACHA

SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA

Coimisiún Forbartha an Iarthair a fheidhmiú mar eagraíocht inniúil, éifeachtach agus mar eagraíocht foghlama.



Agus í ina cuid thábhachtach dá spriocanna straitéiseacha, tá an Coimisiún ag dréim le heagraíocht éifeachtúil éifeachtach a stiúradh a chloíonn le ceanglais reachtaíochta, le nuachóiriú na hearnála poiblí agus leis an dea-chleachtas ach cloí lena leanas:

Rialachas Corparáideach

Thug an bord faoina chuid gníomhaíochtaí agus é feasach ar an gCód Nua Iompair chun Gníomhaireachtaí Stáit a Rialú arna leasú i mí Mheán Fómhair 2017 lena n-áirítear an fhormáid FRS102 le haghaidh na Ráiteas Airgeadais.

Acmhainní Daonna

Lean an eagraíocht lena gealltanais ar chlár nuachóirithe na hearnála poiblí agus forfheidhmiú Chomhaontú Bhóthar Haddington agus Chomhaontú Bhóthar Lansdúin.

Cúram Custaiméirí

Tá an Coimisiún tiomanta do sheirbhís ghairmiúil éifeachtúil chúirtéiseach a chur ar fáil dá chustaiméirí de réir Chairt Chustaiméirí Choimisiún Forbartha an Iarthair agus na bPrionsabail um Sheirbhís Ardchaighdeán do Chustaiméirí. Tá cóip de Ráiteas Custaiméirí an Choimisiúin ar fáil ag: <http://www.wdc.ie/about-us/customer-charter/>

Tugtar suíomh gréasáin an Choimisiúin chun dáta go rialta agus tugtar an t-eolas is deireanaí do chliant trí phreasráitis, foilseacháin agus aighneachtaí ar: www.wdc.ie. Níor tuairiscíodh ná níor taifeadadh aon ghéaráin ó chustaiméirí in 2017.

Bainistíocht Airgeadais

Cuireann Córas Bainistíochta Airgeadais Choimisiún Forbartha an Iarthair ar chumas an Choimisiúin próiseas cuimsitheach buiséadaithe agus tuairiscithe airgeadais a oibriú agus cloí leis an dea-chleachtas faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú.

An tAcht um Shaoráil Faisnéise, 2014

Ní dhearnadh aon iarraidh um Shaoráil Faisnéise in 2017.

An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005

I gcomhréir leis an Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005, chuir Coimisiún Forbartha an Iarthair nósanna imeachta i bhfeidhm chun cloí le forálacha an achta agus d'ullmhaigh sé ráiteas sábháilteachta ina gcuimsítear gach ceann de na gnéithe a mbíonn tionchar acu ar leas na foirne agus leas cuairteoirí.

Íocaíocht Pras Cuntas

Tá an íocaíocht a dhéanann Coimisiún Forbartha an Iarthair ar shonraisc á rialú ag an Acht um Íoc Pras Cuntas, 1997, arna leasú ag Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála), 2012. Tugann na rialacháin, a bhfuil feidhm leo go cothrom sna hearnálacha poiblí agus príobháideacha, teidlíocht uathoibríoch ar ús agus ar chúiteamh má bhíonn íocaíocht as idirbhearta tráchtála déanach (tar éis 30 lá ón dáta fála). Tá sé mar pholasaí ag an gCoimisiún a chinntiú go n-íoctar gach sonrasc go pras agus tá gach iarracht á déanamh, ar aon dul le nósanna imeachta airgeadais cearta, lena chinntiú go n-íoctar gach soláthraí laistigh den tréimhse ama sin.

Íocaíocht Phras le Soláthraithe

Tá Coimisiún Forbartha an Iarthair tiomanta a chuid oibleagáidí a chomhlíonadh faoin Riall Íocaíochta Pras 15 lá, a tháinig i bhfeidhm ar an 1 Iúil, 2011. Cinntítear leis an bhforáil sin go ndéanfar íocaíochtaí le soláthraithe maidir le gach sonrasc bailí a gheofar laistigh de 15 lá féilire. Tugann Coimisiún Forbartha an Iarthair tuairisc ráithiúil ar chur i bhfeidhm na Rialach Íocaíochta Pras 15 lá ar a shuíomh gréasáin. <http://www.wdc.ie/about-us/prompt-payments/> Is féidir na torthaí maidir le hÍocaíocht Phras i gcomhair 2017 a fheiceáil ar an nasc seo a leanas: <http://www.wdc.ie/about-us/prompt-payments/>

An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995

Tugadh Coimisiún Forbartha an Iarthair laistigh de raon feidhme na Rialachán um Eitic in Oifigí Poiblí (Comhlachtaí Poiblí Forordaithe, Stiúrtóireachtaí Ainmnithe de chuid Comhlachtaí Poiblí agus Poist Ainmnithe i gComhlachtaí Poiblí), 2004 (I.R. Uimh. 699 de 2004) le héifeacht ón 1 Eanáir 2005. Cuireann comhaltaí boird an Choimisiúin ráitis leasa faoi bhráid an rúnaí gach bliain, agus tugadh cóipeanna do Rúnaí an Choimisiúin, an Coimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí.

An tAcht um Chosaint Sonraí, 2017

Baineann cosaint sonraí le ceart bunúsach an duine ar phríobháideachas a chosaint agus smacht ar conas a úsáidtear faisnéis phearsanta. Féadfar iarratais maidir le faisnéis phearsanta a dhéanamh faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise nó faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí

Ní raibh aon iarratas ag Coimisiún Forbartha an Iarthair faoin Acht um Chosaint Sonraí in 2017.

An tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014

Ní dhearnadh aon nochtadh cosanta do Choimisiún Forbartha an Iarthair in 2017.

Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998 agus 2004

Tá Coimisiún Forbartha an Iarthair tiomanta do bheartas comhionannais deiseanna agus glacann sé meon dearfach maidir le comhionannas san eagraíocht. Feidhmíonn Coimisiún Forbartha an Iarthair roinnt scéimeanna a thugann roghanna don fhoireann maidir le freastal ar a riachtanais phearsanta agus cad is mian leo a bhaint amach go gairmiúil, amhaile postroinnt, saoire staidéir, cláir oideachais agus sosanna gairme.

Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003

Tagann Coimisiún Forbartha an Iarthair faoi shainchúram Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003, a síníodh sa dlí an 14 Iúil 2003 chun creat reachtúil a thabhairt maidir le seachadadh seirbhísí trí mheán na Gaeilge. I gcomhréir le hAlt 10 den Acht, foilsítear an Tuarascáil Bhliantúil agus na Ráitis Airgeadais i nGaeilge agus i mBéarla.

Tinreamh an Bhoird 2017

Tugtar achoimre ar liosta iomlán de thinreamh an Bhoird i gcomhair 2017 in **Aguisín 3**.

Táillí agus Speansais Boird 2017

Sonraítear na sonraí uile faoi speansais agus táillí boird **Aguisín 4**.

Tuarastal agus Speansais an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin in 2017

Tugtar na sonraí maidir le tuarastal agus speansais an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin **Aguisín 5**.

Tuarascáil an Chathaoirligh ar mar a Chomhlíon an Coimisiún an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú sa bhliain 2017

1. Cód Iompraíochta Gnó do Stiúrtóirí agus d'Fhostaithe Choimisiún Forbartha an IarthairC

Shínigh na páirtithe ábhartha uile na cóid iompraíochta gnó do na stiúrtóirí agus na fostaithe uile agus cloíodh leo sa bhliain 2017.

2. Feidhm Iniúchta Inmheánaigh

Dearbhaím gur chloígh Coimisiún Forbartha an Iarthair le nósanna imeachtaí oiriúnacha le haghaidh iniúchadh inmheánach in 2017, mar atá leagtha amach sa Chód Cleachtais. Tugadh faoin obair a leanas i ndáil le hiniúchadh inmheánach:

(i) **Iniúchadh Inmheánach:** Chuir an tIniúcháir Inmheánach an Clár Oibre um Iniúchadh Inmheánach don bhliain 2017 i gcrích.

(ii) **Coiste Iniúcháireachta agus Riosca Choimisiún Forbartha an Iarthair:** Mar gheall nach raibh aon bhord ann bhuail an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca le chéile trí huair in 2017. Tá an Cathaoirleach sásta gur chomhlíon Coimisiún Forbartha an Iarthair a ról i nós lú ná ceithre chruinniú in 2017.

3. An Cód Caiteachais Phoiblí

Tá Coimisiún Forbartha an Iarthair leanúnach ina chur chuige maidir le riachtanais an Chóid Caiteachais Phoiblí. Mionsonraítear na príomhrudaí a spreagann an cur chuige sin sa Phlean Soláthair:

- Rannchuidiú le seachadadh na gcoigilteas éifeachtúlachta beartaithe a ndíreofar orthu sna Blianta Airgeadais amach anseo;
- Tacaíocht a thabhairt do thionscnaimh an Aonaid Beartais Náisiúnta Soláthair;
- A chinntiú go bhfuil luach ar airgead á bhaint amach; agus
- A chur ar ár gcumas cuspóirí an Choimisiúin a bhaint amach.
- Smacht agus maoirseacht a dhéanamh ar an úsáid a bhaintear as cistí poiblí

4. Soláthar

In 2017, chloígh Coimisiún Forbartha an Iarthair go hiomlán leis na nósanna imeachta ábhartha soláthair mar atá leagtha amach i dTreoirlínte Soláthair an Choimisiúin agus i dTreoirlínte um Sholáthar Rialtais 2004.

5. Diúscairt Sócmhainní agus Rochtain Tríú Páirtithe ar Shócmhainní

Ní raibh aon diúscairt sócmhainní thar an tairseach a chomhaontaigh Coimisiún Forbartha an Iarthair sa bhliain 2017.

6. Treoirlínte maidir le Breithmheas agus Bainistiú Caiteachas Caipitil

Ní bhaineann na treoirlínte sin leis Coimisiún Forbartha an Iarthair.

7. Pá Príomhfheidhmeannach agus Fostaithe Comhlachtaí Stáit

Chloígh Coimisiún Forbartha an Iarthair le treoirlínte an Rialtais agus le socruithe atá ag an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil i dtaca le luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh agus fostaithe in 2017.

8. Íocaíocht Táillí agus Speansais Stiúrtóirí

Chloígh Coimisiún Forbartha an Iarthair le treoirlínte an Rialtais agus le socruithe atá ag an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil maidir le híocaíocht táillí Stiúrtóirí in 2017. Tugtar sonraí faoi na táillí agus na speansais chomhiomlána sin sna cuntais bhliantúla.



9. Cuireadh tuarascáil an Chathaoirligh faoi bhráid an Aire i dteannta Thuarascáil Bhliantúil 2017, agus í ar leithligh ón Tuarascáil Bhliantúil.

10. Deimhním gur chloígh Coimisiún Forbartha an Iarthair go hiomlán leis na dlíthe iomchuí cánach agus a chuid oibleagáidí cánach sa bhliain 2017 agus nár tugadh tuairisc ar shaincheist ar bith.

Arna Shíniú ag: 

Dáta: 9/11/2018

Cathaoirleach Choimisiún Forbartha an Iarthair



AGUISÍNÍ



AGUISÍN I

An Bord

Tá Bord an Choimisiúin freagrach as straitéis agus beartais na heagraíochta i gcoitinne a leagan síos, agus faigheann an Bord tacaíocht trí thimthriall bliantúil pleanála agus buiséadaithe. Faomhann Bord an Choimisiúin an buiséad agus déanann sé meastóireacht fhoirmiúil ar fheidhmíocht iarbhír trí thagairt a dhéanamh don bhuiséad ar bhonn bliantúil.

Tá an Bord freagrach freisin as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais agus as próisis agus nósanna imeachta a chur i bhfeidhm chun a chinntiú go mbeidh an córas éifeachtach. Tá freagracht maoirseachta ar an mBord freisin as gníomhaíochtaí na heagraíochta. Tarmligeann sé an fhreagracht maidir lena gcur i bhfeidhm don bhainistíocht agus d'fhochoistí.

Aithníonn an Bord an fhreagracht atá air maidir le tuarascáil bhliantúil agus ráitis airgeadais a ullmhú. Measann sé go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom ar fheidhmíocht airgeadais an chomhlachta Stáit agus ar a staid airgeadais ag deireadh na bliana.

Tá an bord reatha i bhfeidhm ó mhí Lúnasa 2017 agus dá bhrí sin ní gá meastóireacht feidhmíochta a dhéanamh ar an mBord agus ar a choistí i láthair na huaire.

Faoi théarmaí an Achta um Choimisiún Forbartha an Iarthair, 1998, féadfaidh an Coimisiún coistí a bhunú chun comhairle a chur air maidir le feidhmiú aon cheann dá chuid feidhmeanna agus féadfaidh sé na téarmaí tagartha a chinneadh agus féadfaidh sé gnás coiste ar bith mar sin a rialú. Ina chuid gníomhaíochtaí féin agus san úsáid a bhaineann sé as fochoistí, feidhmíonn an bord i dtreo na bprionsabal is fearr maidir le dea-rialachas corparáideach.

I gcomhréir leis an Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995, agus an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, iarrtar ar chomhaltaí boird Ráiteas Leasa a chur ar fáil don Choimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí agus don rúnaí. Cloíonn Coimisiún Forbartha an Iarthair go hiomlán le beartas an Rialtais maidir le pá na bpríomhfheidhmeannach agus fostaithe comhlachtaí stáit agus le treoirlínte an Rialtais maidir le táillí a íoc le comhaltaí boird.

Is é an tAire Forbartha Tuaithe agus Pobail a cheapann na comhaltaí boird, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Is faoin mBord an rúnaí a cheapadh agus a chur as oifig. Bíonn fáil ag gach comhalta boird ar an rúnaí, atá freagrach as a chinntiú go gcomhlíontar nósanna imeachta an bhoird.

Tá an bord sásta go bhfuil an córas bainistíochta riosca láidir agus inchosanta. Seo príomhghnéithe den mhaoirseacht a dhéanann an Bord sa réimse seo:

- Coiste Iniúcháireachta agus Riosca a bhunú
- Bainistíocht riosca a chur mar mhír bhuan ar chlár cruinnithe an Bhoird
- Príomhoifigeach Riosca a cheapadh
- Beartas Bainistíochta Riosca a fhaomhadh
- An Clár Riosca Chorporáidigh a athbhreithniú agus a fhaomhadh

AGUISÍN I

Comhaltaí an Bhoird suas go dtí mí Feabhra 2017

An Cathaoirleach

An tUasal Paddy McGuinness **

Comhaltaí

An tUasal Micheal Frain **

An Dr Deirdre Garvey **

An Dr Ann Higgins **

An Dr Katie Sweeney**

An tUasal Eugene Lavin ***

An tUasal Gerard Mullaney***

*** *Téarma imithe in éag i mí an Mheithimh 2017*

** *Téarma imithe in éag i mí Feabhra 2017*

New Board Appointed August 2017

An Cathaoirleach

An Dr Deirdre Garvey

Comhaltaí

An tUasal Noel Brett

An tUasal Ian Barrett

An tOllamh Mary P. Corcoran

An tUasal Gerry Finn

An tUasal Micheal Frain

An tUasal John Kelleher

An tUasal Christy Loftus

An tUasal Henry McGarvey

Auveen O'Neill, Uasal

Yvonne Shields, Uasal

AGUISÍN 2

Coiste Iniúcháireachta

Cabhraíonn an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca leis an eagraíocht a freagrachtaí dlíthiúla agus cuntasáíochta a chomhlíonadh. Soláthraíonn sé an nasc cumarsáide leis an iniúcháir seachtrach agus déanann sé measúnú agus comhordú ar an bhfeidhm Iniúchta Inmheánaigh agus ar an bpróiseas Bainistíochta Riosca i gCoimisiún Forbartha an Iarthair.

An Cathaoirleach

An tUasal Micheal Morley *

Comhaltaí

An tUasal Bernard O'Hara

An tUasal Willie O'Brien***

An tUasal Gerard Mullaney

Martina Minogue, Uasal**

* *D'éirigh as i mí Eanáir 2017*

** *D'éirigh as i mí Eanáir 2017*

*** *D'éirigh as i mí Aibreáin 2017*

An Coiste Iniúcháireachta – a ceapadh i mí Mheán Fómhair 2017

An Cathaoirleach

An tUasal Bernard O'Hara

Comhaltaí

An tUasal Ian Barrett

An tUasal Gerry Finn

An tUasal Kevin Moore

AGUISÍN 2

Painéal Comhairleach an Chiste

Ról Phainéal Comhairleach an Chiste

- iarratais chuig Ciste Infheistíochta an Iarthair a mheas agus cinntí infheistíochta atá á spreagadh ag brabús tráchtála a mholadh don Bhord
- cuidiú chun an Ciste a chur chun cinn agus cabhrú le sreabhadh margaí ar ardchaighdeán a ghiniúint
- cabhrú le feidhmiú éifeachtach Chiste Infheistíochta an Iarthair

Comhaltaí Phainéal Comhairleach an Chiste suas go dtí mí an Mheithimh 2017

An Cathaoirleach

An tUasal Paddy McGuinness

Comhaltaí

An tUasal John Allen

An tUasal Gerard Barry

An tUasal John Dillon

An tUasal Micheal Frain

Bairbre Meehan, Uasal

An Dr Katie Sweeney

Comhaltaí an Phainéil Nua a ceapadh i mí Mheán Fómhair 2017

An Cathaoirleach

An Dr Deirdre Garvey

Comhaltaí

An tUasal John Allen

An tUasal John Dillon

An tUasal Micheal Frain

Auveen O'Neill, Uasal

Joann Hosey, Uasal

AGUISÍN 3

Clár Tinrimh na gComhaltaí Boird 2017

Bord a bhí ag dul as oifig mí Feabhra 2017

Tinreamh an Bhoird 2017

Ainm	Ean	Fea	Fea
Paddy McGuinness	✓	✓	✓
Michael Frain	✓	✓	✓
Ann Higgins	✓	×	✓
Katie Sweeney	×	✓	×
Eugene Lavin	✓	✓	✓
Gerard Mullaney	✓	✓	✓
Deirdre Garvey	✓	✓	✓

Bord Nua Lúnasa 2017

Tinreamh an Bhoird 2017

Ainm	MF	DF	Samh	Noll
Deirdre Garvey	✓	✓	✓	✓
Noel Brett	×	✓	✓	✓
Ian Barrett	✓	✓	✓	✓
Auveen O'Neil	✓	✓	✓	✓
Christy Loftus	✓	✓	✓	×
Mary Corcoran	×	✓	✓	✓
Gerry Finn	✓	✓	×	✓
Micheal Frain	✓	✓	✓	×
John Kelleher	✓	✓	×	×
Henry McGarvey	✓	✓	✓	✓
Yvonne Shields	✓	✓	✓	×

AGUISÍN 3

Clár Tinrimh na gComhaltaí Coistí 2017

Coiste Iniúchóireachta a bhí ag dul as oifig

Tinreamh an Choiste 2017

Ainm	Már	Aib
Bernard O'Hara	✓	✓
Gerard Mullaney	✓	✓
Willie O'Brien	✓	×
Martine Minogue	✓	✓

Coiste Iniúchóireachta agus Riosca Nua Nollaig 2017

Tinreamh an Choiste 2017

Ainm	Noll
Bernard O'Hara	✓
Gerry Finn	✓
Ian Barrett	✓
Kevin Moore	✓

Fochoiste Pleanála Straitéisí

Tinreamh an Choiste 2017

Ainm	Noll
Deirdre Garvey	✓
Noel Brett	✓
Gerry Finn	✓
Yvonne Shields	✓

Fochoiste Earcaíochta an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin

Tinreamh an Choiste 2017

Ainm	MF	DF
Deirdre Garvey	✓	✓
Henry McGarvey	✓	✓
Gerry Finn	✓	✓

Coiste Phainéal Comhairleach an Chiste a bhí ag dul as oifig

Tinreamh an Choiste 2017

Ainm	Ean	Meith
Paddy McGuinness	✓	×
John Allen	✓	✓
Gerry Barry	×	×
John Dillon	✓	✓
Michael Frain	✓	✓
Bairbre Meehan	×	✓
Katie Sweeney	×	×

Coiste Phainéal Comhairleach an Chiste Nua

Tinreamh an Choiste 2017

Ainm	Samh
Deirdre Garvey	✓
Auveen O'Neill	✓
Joann Hosey	×
John Dillon	✓
Michael Frain	✓
John Allen	✓

AGUISÍN 4

Táillí agus Speansais Boird 2017

Ainm	Táillí (€)	Taisteal agus Cothú (€)
An tUasal Paddy McGuinness**	1,265	2,016
An tUasal Micheal Frain**	3,055	163
An Dr Deirdre Garvey	0	0
Ann Higgins, Uasal**	0	0
An tUasal Eugene Lavin*	2,993	0
An tUasal Gerard Mullaney*	2,993	358
An Dr Katie Sweeney**	0	0

* Suas go dtí mí an Mheithimh 2017

** Suas go dtí mí Feabhra 2017

Táillí agus Speansais Boird Lúnasa 2017 – Nollaig 2018


Ainm	Táillí (€)	Taisteal agus Cothú (€)
An Dr Deirdre Garvey	0	890
An tUasal Noel Brett	2212	285
An tUasal Ian Barrett	2212	436
An tOllamh Mary P. Corcoran	0	578
An tUasal Gerry Finn	2212	465
John Kelleher	0	148
An tUasal Christy Loftus	2,212	250
Auveen O'Neill, Uasal	2,122	322
An tUasal Henry McGarvey	0	726
Yvonne Shields	0	0



AGUISÍN 5

Tuarastal agus Speansais an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin 2017

Tuarastal agus Speansais Taistil agus Chothaithe an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin in 2017		
An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin	Tuarastal	Taisteal agus Cothú
Ian Brannigan, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (A)	€89,262	€12,467

Socraítear scála tuarastail an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin ag leibhéal an Phríomhoifigigh sa Státseirbhís. Ní oibríonn Coimisiún Forbartha an Iarthair scéim dámhachtainí i gcoibhneas le feidhmíocht agus áirítear sochar aoisliúntais leis an scála tuarastail.





RÁITEAS AIRGEADAIS
Don Bhliain Dar Chríoch an 31 Nollaig 2017



CLÁR ÁBHAR

Eolas faoi Choimisiún Forbartha an Iarthair	47
Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird	48
Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste	53
Ráiteas ar Rialú Inmheánach	54
Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Coimeádta	56
Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach	57
Ráiteas Staid Airgeadais	58
Ráiteas Sreabhaidh Airgid	59
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais	60

COIMISIÚN FORBARTHA AN IARTHAIR

Téarma éagtha na gComhaltaí Boird an 20 Feabhra 2017

An Cathaoirleach

Paddy McGuinness (an Cathaoirleach)

Comhaltaí

An tUasal Michael Frain
An Dr Deirdre Garvey
An Dr Ann Higgins
An tUasal Eugene Lavin
An tUasal Gerard Mullaney
An Dr Katie Sweeney

Comhaltaí Nuacheaptha Boird an 18 Lúnasa 2017

An Cathaoirleach

An Dr Deirdre Garvey (an Cathaoirleach)

Comhaltaí

An tUasal Noel Brett
An tUasal Ian Barrett
An tOllamh Mary P. Corcoran
An tUasal Gerry Finn
An tUasal Micheal Frain
An tUasal John Kelleher
An tUasal Christy Loftus
An tUasal Henry McGarvey
Auveen O'Neill, Uasal
Yvonne Shields, Uasal

Baincéirí

Banc na hÉireann, Bealach an Doirín, Contae Ros Comáin
Bainc-Aontas Éireann, Bóthar Thuama, Gaillimh

Iniúcháirí

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste,
3A Sráid an Mhéara Uachtarach,
Baile Átha Cliath 1

RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUARASCÁIL NA GCOMHALTAÍ BOIRD 2017

Rialachas

Bunaíodh Bord Choimisiún Forbartha an Iarthair faoin Acht um Choimisiún Forbartha an Iarthair, 1998 mar a leagtar amach in Alt 9 den Acht sin. Tá an Bord freagrach don Aire Forbartha Tuaithe agus Pobail agus tá sé freagrach as dea-rialachas a chinntiú agus cuireann sé an cúram sin i gcrích trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan síos agus cinní straitéiseacha a ghlacadh maidir le gach príomhcheist ghnó. Is é an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus an fhoireann ardbhainistíochta atá freagrach as bainistiú, rialú agus treoir an Choimisiúin ó lá go lá. Ní mór don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus don fhoireann ardbhainistíochta an treoir straitéiseach leathan atá leagtha síos ag an mBord a leanúint, agus ní mór dóibh a chinntiú go mbeidh tuiscint shoiléir ag na comhaltaí Boird uile ar na príomhghníomhaíochtaí agus cinní a bhaineann leis an aonán, agus aon rioscaí suntasacha a d'fhéadadh teacht chun cinn. Cruthaíonn an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ceangal díreach idir an Bord agus bainistíocht Choimisiún Forbartha an Iarthair.

Freagrachtaí an Bhoird

Tá obair agus freagrachtaí an Bhoird leagtha amach san Acht um Choimisiún Forbartha an Iarthair, 1998. I measc na míreanna buana a bhreithníonn an Bord tá siad seo a leanas:

- dearbhú Leasanna
- tuairiscí ó choistí
- tuarascálacha airgeadais/tuarascálacha bainistíochta
- tuarascálacha feidhmíochta agus
- nithe coimeáda

Ceanglaíonn Alt 22(1) den Acht um Choimisiún Forbartha an Iarthair, 1998, ar Bhord an Choimisiúin gach cuntas ceart airgid agus gnáthchuntais airgid a fhaigheann sé agus a chaitheann sé a choimeád, i cibé foirm a cheadóidh an tAire Forbartha Tuaithe agus Pobail le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú ceanglaítear ar Bhord Choimisiún Forbartha an Iarthair:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur chun feidhme go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin atá réasúnach agus suama a dhéanamh;

- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais reatha mura bhfuil sé míchuí glacadh leis go rachaidh sé ar aghaidh i mbun oibríochta; agus
- a lua cibé ar cloíodh le caighdeáin chuntasaíochta iomchuí, faoi réir aon imeachtaí ábhartha a nochtadh agus a míníodh sna ráitis airgeadais.

Tá an Bord freagrach as taifid chuntasaíochta imleora a choinneáil, a nochtann go réasúnta cruinn ag aon tráth a staid airgeadais agus a ligeann dó a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 22(1) den Acht um Choimisiún Forbartha an Iarthair, 1998. Tá an Bord freagrach as cothabháil agus as sláine na faisnéise corparáidí agus airgeadais ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin.

Tá an Bord freagrach as an bplean agus an buiséad bliantúil a fhaomhadh. Déantar meastóireacht ar bhonn míosúil ar fheidhmíocht an Choimisiúin trí thagairt a dhéanamh don phlean agus don bhuiséad bliantúil agus déantar an mheastóireacht ar bhonn ráithiúil ag cruinnithe den Bhord.

Tá an Bord freagrach freisin as a shócmhainní a chosaint agus as bearta réasúnacha a ghlacadh dá réir sin d'fhonn cosc a chur ar chiallois agus ar mhírialtachtaí eile agus iad a bhrath.

Measann an Bord go dtugtar léargas fíor agus cothrom ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais an Choimisiúin amhail an 31 Nollaig 2017 i ráitis airgeadais an Choimisiúin.

Struchtúr an Bhoird

Ní raibh Bord in áit ag Coimisiún Forbartha an Iarthair ar feadh sé mhí in 2017 (ó mhí Feabhra go mí Lúnasa 2017). Bhí sé sin amhlaidh mar gheall gur tháinig deireadh le téarma trí bliana an Bhoird sin i mí Feabhra 2017.

Tá Cathaoirleach agus deichniúr gnáthchomhaltaí ar an mBord reatha, agus is é an tAire Forbartha Tuaithe agus Pobail a cheap iad ar fad. Ceapadh comhaltaí an Bhoird ar feadh tréimhse trí bliana ag tosú an 18 Lúnasa 2017. Bhuaile an bord a bhí ag dul as oifig le chéile trí huairé idir mí Eanáir agus mí Feabhra 2017 agus bhuaile an bord nuacheaptha le chéile ceithre huairé idir mí Mheán Fómhair 2017 agus mí na Nollag 2017. Tá mionsonraí sa tábla thíos maidir le tréimhse ceapacháin na gcomhaltaí reatha agus roimhe seo:

RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUARASCÁIL NA GCOMHALTAÍ BOIRD 2017

Suas go dtí mí Feabhra 2017

Comhalta Boird	Ról	Dáta Ceaptha
An tUasal Paddy McGuinness	An Cathaoirleach	21 Feabhra 2014
An Dr Katie Sweeney	Gnáthbhall	21 Feabhra 2014
An tUasal Micheal Frain	Gnáthbhall	21 Feabhra 2014
An Dr Ann Higgins	Gnáthbhall	21 Feabhra 2014
An Dr Deirdre Garvey	Gnáthbhall	21 Feabhra 2014
An tUasal Gerard Mullaney	Gnáthbhall	23 Meitheamh 2014
An tUasal Eugene Lavin	Gnáthbhall	23 Meitheamh 2014

Appointed August 2017

Comhalta Boird	Ról	Dáta Ceaptha
An Dr Deirdre Garvey	An Cathaoirleach	18 Lúnasa 2017
An tUasal Noel Brett	Gnáthbhall	18 Lúnasa 2017
An tUasal Ian Barrett	Gnáthbhall	18 Lúnasa 2017
Auveen O'Neill, Uasal	Gnáthbhall	18 Lúnasa 2017
An tUasal Christy Loftus	Gnáthbhall	18 Lúnasa 2017
An tOllamh Mary P. Corcoran	Gnáthbhall	18 Lúnasa 2017
An tUasal Gerry Finn	Gnáthbhall	18 Lúnasa 2017
An tUasal Micheal Frain	Gnáthbhall	18 Lúnasa 2017
An tUasal John Kelleher	Gnáthbhall	18 Lúnasa 2017
An tUasal Henry McGarvey	Gnáthbhall	18 Lúnasa 2017
Yvonne Shields, Uasal	Gnáthbhall	18 Lúnasa 2017

Déanfaidh an Bord Athbhreithniú seachtrach Éifeachtachta agus Meastóireachta ar an mBord ar bhonn bliantúil ag tosú i mí Mheán Fómhair 2018. Déanfar athbhreithniú seachtrach gach trí bliana faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016.

Bhunaigh an Bord dhá choiste mar seo a leanas:

1. An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

I gcomhréir le forálacha an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, bhunaigh an Bord Coiste Iniúchóireachta agus Riosca a chomhlíonann ceanglais an chóid.

Tá beirt Chomhaltaí Boird agus beirt chomhaltaí neamhspleácha ar an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca. Is é ról an Choiste tacú leis an mBord maidir lena fhreagrachtaí i dtaobh ceisteanna riosca, rialaithe agus rialachais agus deimhniú gaolmhar. Tá an Coiste neamhspleách ar bhainistiú airgeadais na heagraíochta. Cinntíonn an Coiste go háirithe go ndéantar monatóireacht ghníomhach agus neamhspleách ar an gcóras rialaithe inmheánaigh lena n-áirítear gníomhaíochtaí iniúchóireachta. Tugann an Coiste tuairisc don Bhord tar éis gach cruinnithe, agus go foirmiúil i scríbhinn gach bliain.

Tugadh an Coiste Iniúchóireachta ar an gcoiste roimhe sin agus ceapadh an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca nua i mí Dheireadh Fómhair/na Samhna 2017. Bhuaill an Coiste le chéile faoi dhó le linn 2017.

Ba iad comhaltaí an Choiste Iniúchóireachta go dtí mí Aibreáin 2017 ná Michael Morley (an Cathaoirleach), Willie O'Brien, Bernard O'Hara agus Martina Minogue.

Is iad comhaltaí an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca Bernard O'Hara (an Cathaoirleach), Kevin Moore, Ian Barrett (Comhalta Boird) agus Gerry Finn (Comhalta Boird). Bhuaill an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca le chéile uair amháin i mí na Nollag 2017, mar sin bhí trí chruinniú ar an iomlán ann le linn 2017.

2. Painéal Comhairleach an Chiste

Is gné thábhachtach de struchtúr eagraíochta Choimisiún Forbartha an Iarthair é Painéal Comhairleach an Chiste. Is é ról an Phainéil:

- iarratais chuig Ciste Infheistíochta an Iarthair a mheas agus cinntí infheistíochta atá á spreagadh ag brabús tráchtála a mholadh don Bhord
- cuidiú chun an Ciste a chur chun cinn agus cabhrú le sreabhadh margaí ar ardchaighdeán a ghiniúint
- cabhrú le feidhmiú éifeachtach Chiste Infheistíochta an Iarthair

RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUARASCÁIL NA GCOMHALTAÍ BOIRD 2017

Ba iad comhaltaí an Phainéil i mí Dheireadh Fómhair 2017 Paddy McGuinness, John Allen, Gerard Barry, John Dillon, Micheál Frain, Deirdre Garvey, Bairbre Meehan, Katie Sweeney agus Martina Minogue.

Is iad comhaltaí nuacheaptha an Phainéil amhail an 31 Nollaig 2017 ná an Dr Deirdre Garvey (an Cathaoirleach agus Comhalta Boird), John Allen (Seachtrach), John Dillon (Seachtrach), Joanne Hosey (Seachtrach), Michael (Comhalta Boird) agus Auveen O'Neill (Comhalta Boird).

Sceideal Tinrimh, Táillí agus Speansas

Tá sceideal tinrimh ag Cruinnithe an Bhoird agus na gCoistí le haghaidh 2017 a leagtar amach thíos lena n-áirítear na táillí agus na speansais a fuair gach comhalta:

	Bord	An Coiste Iniúchóireachta & Riosca	Painéal Comhairleach an Chiste	Speansais 2017 €	Táillí 2017 €
Number of Meetings	7	3	3	-	-
An tUasal Paddy McGuinness	3		1	1,265	2,016
An tUasal Micheal Frain	7		1	3,055	163
An Dr Ann Higgins	2			0	0
An Dr Katie Sweeney	1			0	0
An Dr Deirdre Garvey	7		1	0	890
An tUasal Eugene Lavin	3			2,992	0
An tUasal Gerard Mullaney	3	3		2,992	359
An tUasal Noel Brett	3			2,212	285
An tUasal Ian Barrett	4	1		2,212	436
Auveen O'Neill, Uasal	4		1	2,212	322
An tUasal Christy Loftus	3			2,212	250
An tOllamh Mary P. Corcoran	3			0	578
An tUasal Gerry Finn	3	1		2,212	465
An tUasal John Kelleher	2			0	148
An tUasal Henry McGarvey	4			0	726
Yvonne Shields, Uasal	3			0	0
An tUasal Bernard O'Hara		3		0	0
An tUasal Willie O'Brien		2		0	290
An tUasal Kevin Moore		1		0	0
Martina Minogue, Uasal		1		0	146
An tUasal John Allen			3	0	219
An tUasal Gerry Barry				0	0
An tUasal John Dillon			3	0	187
Bairbre Meehan, Uasal			1	0	0
				21,364	7,480

Bhí seisear Stiúrthóirí nach bhfuair Táille Bhoird faoin bprionsabal maidir le Duine Amháin, Tuarastal Amháin. An Dr Ann Higgins, an Dr Katie Sweeney, an Dr Deirdre Garvey, an tUasal John Kelleher, an tUasal Henry McGarvey agus Yvonne Shields, Uasal.

RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUARASCÁIL NA GCOMHALTAÍ BOIRD 2017

Athruithe ar an bPríomhlucht Pearsanra

- Scoir téarma an Bhoird roimhe sin an 21 Feabhra agus an 22 Meitheamh 2017.
- Tháinig deireadh le téarmaí beirt chomhaltaí boird an 22 Meitheamh 2017 (an tUasal Gerard Mullaney agus an tUasal Eugene Lavin)
- Ceapadh Bord nua an 18 Lúnasa 2017
- Ceapadh an Ceann Acmhainní Corparáideacha an 6 Iúil 2017
- Ceapadh Oifigeach Airgeadais an 6 Iúil 2017
- Ceapadh an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an 24 Meán Fómhair 2018

Nochtaí a cheanglaíonn an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)

Tá an Bord freagrach as a chinntiú gur chloígh Coimisiún Forbartha an Iarthair le ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (“an Cód”), a d’fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016. Ceanglaítear na nochtaí seo a leanas sa Chód:

Miondealú maidir le Sochair Ghearrthéarmacha Fostaithe

Cuirtear sochair ghearrthéarmacha fostaithe a fhaigheann níos mó ná €60,000 i gcatagóirí sna bandaí seo a leanas

Raon	Go dtí	Líon na bhFostaithe	
		2017	2016
€60,000 - €69,000		1	1
€70,000 - €79,000		0	0
€80,000 - €89,000		2	2
€90,000 - €99,000		0	0

Costais Sainchomhairleoireachta

Áirítear le costais sainchomhairleoireachta an costas a bhaineann le comhairle sheachtrach a thabhairt don bhainistíocht agus ní áirítear leis feidhmeanna ‘gnó mar is gnáth’ a bhíonn seachfhoinsithe.

	2017 €	2016 €
Comhairle Dlí	6,940	11,721
Comhairle airgeadais/achtúireach	427	2,438
Caidreamh Poiblí/Margaíocht	37,326	13,008
Acmhainní Daonna	34,345	5,247
Iomlán na gCostas Sainchomhairleoireachta	79,038	32,414

Costais Dlí agus Réitigh

Níor thabhaigh Coimisiún Forbartha an Iarthair aon chostais Dlí ná Réitigh in 2017.

Caiteachas ar Thaisteal agus Cothú

Cuirtear caiteachas ar thaisteal agus cothú i gcatagóirí mar seo a leanas:

	2017 €	2016 €
Inmheánach		
- An Bord	7,479	2,344
- Fostaithe	65,010	67,074
Idirnáisiúnta		
- Bord	0	0
- Fostaithe	4,542	2,356
Iomlán	77,031	71,774

Caiteachas ar Fháilteachas

Níor thabhaigh Coimisiún Forbartha an Iarthair aon chaiteachas ar Fháilteachas in 2016 nó 2017.

RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUARASCÁIL NA GCOMHALTAÍ BOIRD 2017

Ráiteas Comhlíontachta

Chloígh Coimisiún Forbartha an Iarthair le ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, a d'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016, cé is moite de na rudaí seo a leanas: Ní raibh Bord i bhfeidhm ag Coimisiún Forbartha an Iarthair ar feadh sé mhí de 2017 (ó mhí Feabhra go mí Lúnasa 2017).


Ní raibh Coiste Iniúcháireachta agus Riosca ag Coimisiún Forbartha an Iarthair ó mhí Aibreáin go mí Mheán Fómhair 2017 (6 mhí); dá bhrí sin ní raibh ach trí cinn de na ceithre chruinniú riachtanacha den Choiste ar siúl in 2017. Toisc nach raibh aon Bhord ann níorbh fhéidir Cathaoirleach a cheapadh ar an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca.

Anuas air sin, tá téarmaí tagartha an choiste comhairligh ciste (Painéal Comhairleach an Chiste) leagtha amach ar dhóigh go gceaptar an Painéal go dtí dáta an chéad chruinnithe den chéad Bhord eile de Choimisiún Forbartha an Iarthair, ach toisc nach raibh aon chomhalta Boird i seilbh oifige ó mhí an Mheithimh 2017 ní raibh aon chruinnithe Painéil ar siúl ó mhí an Mheithimh 2017 go dtí mí na Samhna 2017 toisc gurb é an riachtanas le haghaidh córaim ná ceathrar comhaltaí den Phainéal agus comhalta amháin Boird ar a laghad a bheith i láthair.

Mar gheall nach raibh aon Bhord Stiúrthóirí ann ná Coiste Iniúcháireachta agus Riosca ar feadh tréimhse in 2017, ghlac an feidhmeannas úinéireacht ar chúrsaí rialachais do Choimisiún Forbartha an Iarthair. Leanadh den mhonatóireacht agus de rialú an chreata rialachais i rith an ama sin agus rinneadh iniúchtaí inmheánacha agus seachtracha lena chinntiú go mbeadh na rialuithe sách maith.

Ar cheapadh an Bhoird i mí Lúnasa 2017, tugadh tús áite d'athbhreithniú agus monatóireacht ar rialachas agus bainistíocht riosca. Rinneadh é sin le cead an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca agus Phainéal Comhairleach an Chiste mar aon leis an bpróiseas earcaíochta le haghaidh Príomhoifigeach Feidhmiúcháin buan. Cuireadh oiliúint i gcúrsaí rialachais ar fáil freisin don Bhord agus don Choiste Iniúcháireachta agus Riosca.

An Cathaoirleach:



An Dr Deirdre Garvey

TUARASCÁIL AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE



An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais Coimisiún

Forbartha an Iarthair

Tuairim ar na ráitis airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais Choimisiún Forbartha an Iarthair don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2017 de réir mar a éilítear faoi fhorálacha Alt 22 den Acht um Choimisiún Forbartha an Iarthair, 1998. Cuimsítear sna ráitis airgeadais

- an ráiteas ioncaim agus caiteachais agus cúlchistí coimeáda
- an ráiteas ar ioncam cuimsitheach
- an ráiteas staid airgeadais
- an ráiteas sreabhaidh airgid agus
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar bheartais shuntasacha chuntasaíochta.

I mo thuairim, tugann na ráitis airgeadais léiriú fíor agus cothrom ar shócmhainní, dlíteanais agus staid airgeadais Choimisiún Forbartha an Iarthair amhail an 31 Nollaig 2017 agus ar a ioncam agus a chaiteachas le haghaidh 2017 de réir an Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais (FRS) 102 - *An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann*.

Bunús na tuairime

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúcháireachta faoi mar a fhógraíonn an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúcháireachta. Déantar cur síos san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin. Táim neamhspleách ar Choimisiún Forbartha an Iarthair agus chomhlíon mé na freagrachtaí eithe eile atá orm de réir na gcaighdeán.

Creidim gur leor an fhianaise iniúcháireachta a fuair mé agus go bhfuil sí oiriúnach chun bunús a thabhairt do mo thuairim.

Tuarascáil ar fhaisnéis seachas na ráitis airgeadais agus nithe eile

Chuir Coimisiún Forbartha an Iarthair faisnéis áirithe eile i láthair in éineacht leis na ráitis airgeadais. Ina measc sin tá an ráiteas rialachais agus tuarascáil chomhaltai an Bhoird agus an ráiteas ar rialú inmheánach. Tá cur síos ar na freagrachtaí atá orm tuairisc a thabhairt maidir le faisnéis den sórt sin, agus ar nithe áirithe eile ar a dtuairiscim trí eisceacht, san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo.

Níl aon rud le tuairisciú agam maidir leis sin.

Patricia Sheehan
Don Ard-Reachtair Cuntas agus
Ciste agus ar a shon 22 Samhain
2018

RÁITEAS AR RIALÚ INMHEÁNACH 2017

Thar ceann Choimisiún Forbartha an Iarthair, aithním an fhreagracht atá ar an mBord a chinntiú go gcothaítear agus go n-oibrítear córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh. Cuirtear ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) san áireamh mar chuid den fhreagracht sin.

Aidhm an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Ceapadh an córas rialaithe inmheánaigh chun riosca a bhainistiú chuig leibhéal inghlactha seachas deireadh ar fad a chur leis. Ní féidir leis an gcóras dá bhrí sin ach ráthaíocht réasúnach, agus ní ráthaíocht iomlán, a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go dtaifeadtar i gceart iad agus go gcoisctear earráidí ábhartha nó mírialtachtaí, nó go mbraithfí iad ar bhealach tráthúil.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh, a chloíonn leis an treoir a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm i gCoimisiún Forbartha an Iarthair don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2017 agus suas go dtí an dáta ar faomhadh na ráitis airgeadais.

An Cumas Riosca a Láimhseáil

Tá Coiste Iniúcháireachta agus Riosca ag an gCoimisiún ina bhfuil beirt Chomhaltaí Boird agus beirt chomhaltaí seachtracha, a bhfuil saineolas iniúchta agus airgeadais acu, agus tá duine acu mar Chathaoirleach.

Tugadh an Coiste Iniúcháireachta ar an gcoiste roimhe sin agus ceapadh an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca nua i mí Dheireadh Fómhair/na Samhna 2017. Bhuaile an Coiste le chéile faoi dhó le linn 2017.

Bhuaile an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca le chéile uair amháin i mí na Nollag 2017, mar sin bhí trí chruinniú ar an iomlán ann le linn 2017.

Tá feidhm iniúchta inmheánaigh freisin sa Choimisiún a thugann faoi Phlean Oibre Iniúchta Inmheánaigh i gcomhaontú leis an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca.

D'fhaomh an Coiste sin beartas bainistíochta riosca ina leagtar amach fonn riosca an Choiste, na próisis bainistíochta riosca atá i bhfeidhm agus tá mionsonraí ann maidir le ról agus freagrachtaí na foirne i dtaca le riosca. Eisíodh an Beartas chuig an bhfoireann go léir agus beifear ag súil go n-oibreoidh siad laistigh de bheartais bainistíochta riosca an Choimisiúin, chun rabhadh a thabhairt don lucht bainistíochta maidir le rioscaí atá ag teacht chun cinn agus laigí a smachtú

agus freagracht a ghlacadh as riosca agus rialuithe laistigh dá réimse oibre féin.

Creat Riosca agus Rialaithe

Tá próiseas bainistíochta riosca ag an gCoimisiún a chuireann ar a chumas rioscaí a aithint agus a mheas, a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar fheidhmíocht agus ar chuspóirí gnó agus a chinntíonn go gceaptar pleananna maolaithe iomchuí chun an riosca iarmharach a íoslaghdú.

Tá Clár Riosca i bhfeidhm ina n-aithnítear na príomhrioscaí atá os comhair an Choimisiúin agus sainaithníodh iad sin, rinneadh meastóireacht orthu agus tugtar grád dóibh de réir a dtábhachta. Déanann an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca athbhreithniú agus nuashonrú tréimhsiúil ar an gclár.

Mionsonraítear sa chlár riosca na rialuithe agus na gníomhaíochtaí a theastaíonn chun rioscaí a mhaolú agus sanntar freagracht i ndáil le hoibriú rialuithe do chomhaltaí foirne ar leith. Deimhníonn go bhfuil timpeallacht rialaithe ina bhfuil na gnéithe seo a leanas i bhfeidhm:

- Rinneadh taifeadadh ar nósanna imeachta le haghaidh gach príomhphróisis gnó
- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach
- Tá córas buiséadaithe iomchuí ann le buiséad bliantúil a ndéanann an ardbhainistíocht athbhreithniú leanúnach air,
- Tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a chothú,
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint, agus
- Cinntíonn nósanna imeachta rialaithe ar mhaoiniú do ghníomhaireachtaí ón taobh amuigh go mbíonn dóthain smachta ar fhaomhadh cistí agus go ndéantar monatóireacht agus athbhreithniú ar dheontóirí lena chinntiú gur cuireadh na cistí ag obair chun na críocha dá raibh siad beartaithe.

Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Leagadh síos nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh sin a bhíonn freagrach as gníomh ceartaithe a ghlacadh agus don

RÁITEAS AR RIALÚ INMHEÁNACH 2017

bhainistíocht agus don Bhord, nuair is ábhartha, agus déantar sin ar bhealach tráthúil. Tarraingítear aird laistigh de na ceisteanna rialaithe inmheánaigh thíos ar nithe a tháinig chun cinn in 2017 maidir le monatóireacht agus athbhreithniú ar an gcóras bainistíochta riosca.

Deimhním go bhfuil na córais monatóireachta leanúnaí seo a leanas i bhfeidhm;

- Sainaitníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na bpríomhrialuithe sin agus aon easnaimh shainaitheanta a thuairisciú,
- Tá socruithe tuairiscithe leagtha síos ag gach leibhéal ina bhfuil freagracht as bainistíocht airgeadais sannta, agus
- Déanann an ardbhainistíocht athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha feidhmíochta agus airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla ina gcuirtear feidhmíocht in iúl i gcoinne buiséad/réamhaisnéisí.

Soláthar

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag Coimisiún Forbartha an Iarthair lena chinntiú go gcloítear leis na rialacha agus treoirlínte reatha maidir le soláthar agus gur chloígh Coimisiún Forbartha an Iarthair leis na nósanna imeachta sin i rith 2017.

Athbhreithniú ar Éifeachtacht

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta ag Coimisiún Forbartha an Iarthair chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta rialaithe agus bainistíochta riosca. Faigheann monatóireacht agus athbhreithniú an Choimisiúin ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais treoir ó obair na n-íniúcháirí inmheánacha agus seachtracha, an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca a mhaoirsíonn a gcuid oibre agus an ardbhainistíocht laistigh den Choimisiún atá freagrach as forbairt agus as cothabháil an chreata rialaithe inmheánaigh airgeadais.

Deimhním go ndearna an Bord athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha le haghaidh 2017.

Ceisteanna Rialaithe Inmheánaigh

Ní raibh Bord i bhfeidhm ag Coimisiún Forbartha an Iarthair ar feadh sé mhí de 2017 (ó mhí Feabhra go mí Lúnasa 2017).

Ní raibh Coiste Iniúcháireachta agus Riosca ag Coimisiún Forbartha an Iarthair ó mhí Aibreáin go mí Mheán Fómhair 2017 (6 mhí); dá bhrí sin ní raibh ach trí cinn de na ceithre chruinniú riachtanacha den Choiste ar siúl in 2017. Toisc nach raibh aon Bhord ann níorbh fhéidir Cathaoirleach a cheapadh ar an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca go dtí mí Dheireadh Fómhair 2017.

Anuas air sin, tá téarmaí tagartha an choiste comhairligh ciste (Painéal Comhairleach an Chiste) leagtha amach ar dhóigh go gceaptar an Painéal go dtí dáta an chéad chruinnithe den chéad Bhord eile de Choimisiún Forbartha an Iarthair, ach toisc nach raibh aon chomhalta Boird i seilbh oifige ó mhí an Mheithimh 2017 ní raibh aon chruinnithe Painéil ar siúl ó mhí an Mheithimh 2017 go dtí mí na Samhna 2017 toisc gurb é an riachtanas le haghaidh córaim ná ceathrar comhaltaí den Phainéal agus comhalta amháin Boird ar a laghad a bheith i láthair.

Ó 2016 thug Coimisiún Forbartha an Iarthair treoir don mháthair-roinn agus d'oibrigh sé leo chun maolú a dhéanamh in aghaidh thionchar féideartha na moille maidir le Bord de chuid Choimisiún Forbartha an Iarthair a cheapadh i ndiaidh mhí Feabhra 2017. Lean an Feidhmeannas agus an fhoireann bainistíochta i mbun monatóireachta agus athbhreithniú ar na rialuithe inmheánacha lena chinntiú go raibh Coimisiún Forbartha an Iarthair ag cloí leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016. Tar éis an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca a cheapadh tugadh tús áite d'athbhreithniú agus nuashonrú ar an mbeartas riosca agus ar an gclár riosca lena chinntiú go rabhtas ag cloí leis an gcreat rialachais a d'fhaomh an Bord.

Sínithe thar ceann an Bhoird:



An Cathaoirleach: An Dr Deirdre Garvey

RÁITEAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS AGUS CÚLCHISTÍ COIMEÁDТА DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2017

		2017 €	2017 €	2017 €	2017 €	2016 €
	Nóta	Coimisiún Forbartha an lathair	Coimisiún Infheistíochta an lathair	Maoiniú Deontas AE	lomlán	lomlán
Ioncam						
Deontas Oireachtais	2	1,374,820	0	0	1,374,820	1,602,193
Deontais AE	3	0	0	826,658	826,658	288,727
Ioncam eile	4	11,413	0	0	11,413	0
Aistriú chuig Maoiniú Deontas AE		0	0	0	0	0
Ioncam ó Infheistíocht	5	0	195,682	0	195,682	589,121
Glanchistiú larchurtha le haghaidh Pinsean	15	260,000	0	0	260,000	192,000
Ioncam lomlán		1,646,233	195,682	826,658	2,668,573	2,672,041
Caiteachas						
Costais Oibriúcháin	6A/B	(1,792,867)	0	(864,039)	(2,656,906)	(1,744,609)
Barrachas/(Easnamh) oibriúcháin don bhliain		(146,634)	195,682	(37,381)	11,667	927,432
Méadú/(Laghdú) ar luach na sócmhainní airgeadais	7	0	(753,847)	0	(753,847)	11,586,809
Barrachas/(Easnamh) don bhliain roimh leithreasáí		(146,634)	(558,165)	(37,381)	(742,180)	12,514,241
Aistriú ó (chuig) an gCuntas Caipitil		583	0	0	583	(5,884)
Barrachas/(Easnamh) don bhliain tar éis leithreasáí		(146,051)	(558,165)	(37,381)	(741,597)	12,508,357
Cúlchistí amhail an 1 Eanáir		840,340	37,812,812	121,421	38,774,573	26,266,216
Cúlchistí amhail an 31 Nollaig		694,289	37,254,647	84,040	38,032,976	38,774,573

Is cuid de na ráitis airgeadais seo é an ráiteas sreabhaidh airgid agus na nótaí 1 go 18.

An Dr Deirdre Garvey:
An Cathaoirleach

Deirdre Garvey

Dáta: 9/11/2018

Tomás Ó Síocháin
An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Tomás Ó Síocháin

Dáta: 9/11/2018


RÁITEAS AR IONCAM CUIMSITHEACH DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 3^U NOLLAIG 2017

	2017 €	2016 €
Barrachas/(Easnamh) don bhliain	(741,597)	12,508,357
Gnóthachain/(caillteanais) ó thaithí de bharr dliteanais scéime	(835,000)	138,000
Caillteanais ag eascairt de bharr athruithe ar thiomhdí	0	(394,000)
Gnóthachain/(caillteanais) achtúireacha ar dhliteanais phinsin	(835,000)	(256,000)
Coigeartú ar chistiú iarchurtha pinsin	835,000	256,000
Gnóthachain/(caillteanais) aitheanta iomlána don bhliain	(741,597)	12,508,357

Is cuid de na ráitis airgeadais seo é an ráiteas sreabhaidh airgid agus na nótaí 1 go 18.

An Dr Deirdre Garvey: 
An Cathaoirleach

Dáta: 9/11/2018

Tomás Ó Síocháin 
An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Dáta: 9/11/2018

RÁITEAS STAID AIRGEADAIS AMHAIL AN 3I NOLLAIG 2017

	Nótaí	2017 €	2016 €
Sócmhainní Seasta			
Maoín, Gléasra agus Trealamh	9	17,430	18,013
Sócmhainní Airgeadais	10	37,254,647	37,812,812
		37,272,077	37,830,825
Sócmhainní Reatha			
Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid		634,811	811,603
Infháltais	11	296,838	288,772
		931,649	1,100,375
Dlíteanais Reatha			
Suimeanna Iníoctha	12	(153,320)	(138,614)
Glansócmhainní Reatha		778,329	961,761
Sócmhainní Iomlána lúide Dlíteanais Reatha roimh Phinsin		30,050,406	38,792,586
Cistiú larchurtha Pinsin		(5,120,000)	(4,025,000)
Dlíteanais Phinsin		(4,025,000)	(3,577,000)
Sócmhainní Iomlána lúide Dlíteanais Reatha		30,050,406	38,792,586
Arna ionadú			
Ciste Infheistíochta	10	37,254,647	37,812,812
Deontais AE/CFT		84,040	121,421
Cúlchistí Ioncaim Coimeádta		694,289	840,340
Cuntas Caipitil	13	17,430	18,013
		38,050,406	38,792,586

Is cuid de na ráitis airgeadais seo é an ráiteas sreabhaidh airgid agus na nótaí 1 go 18.

An Dr Deirdre Garvey:
An Cathaoirleach

Deirdre Garvey

Dáta: 9/11/2018

Tomás Ó Síocháin
An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Tomás Ó Síocháin

Dáta: 9/11/2018

RÁITEAS SREABHAIDH AIRGID DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 3^I NOLLAIG 2017

Réiteach an Bharrachais/(Easnamh) chuig Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin

	2017 €	2017 €	2017 €	2017 €	2016 €
	<i>Coimisiún Forbartha an lathair</i>	<i>Coimisiún Infheistíochta an lathair</i>	<i>Maoiniú Deontas AE</i>	<i>lomlán</i>	<i>lomlán</i>
Farasbarr ioncain thar chaiteachas	(146,051)	195,682	(37,381)	12,250	921,548
Dímheas agus bearnú sócmhainní seasta	16,830	0	0	16,830	11,919
Aistriú chuig an gCuntas Caipitil	(583)	0	0	(583)	5,884
Aistriú chuig/(ó) Maoiniú Deontas AE	0	0	0	0	0
Ús bainc	0	2,745	0	2,745	(1,160)
Díbhinní	0	0	0	0	(260,051)
(Méadú)/Laghdú ar Infháiltais	(8,066)	0	0	(8,066)	(157,125)
Méadú/(Laghdú) ar Shuimeanna Iníochta	14,706	0	0	14,706	(17,831)
(Insreabhadh)/Eis-Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin	(123,164)	198,427	(37,381)	37,882	503,184

Glansreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta

Íocaíochtaí chun trealamh cosanta pearsanta a fháil	(16,247)	0	0	(16,247)	(17,803)
Íocaíochtaí chun cothromas a fháil	0	(397,086)	0	(397,086)	(1,835,545)
Íocaíochtaí chun ionstraimí fiachais a fháil	0	(142,000)	0	(142,000)	(422,500)
Fáltais ó ionstraimí fiachais	0	1,491,646	0	1,491,646	602,957
Fáltais ó cothromas	0	14,969,219	0	14,969,219	73,181
Glan-insreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta	(16,247)	15,921,779	0	15,905,532	(1,599,710)

Glansreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoinithe


Ús bainc faighte	0	(2,745)	0	(2,745)	1,160
Díbhinní faighte	0	0	0	0	260,051
Aistriú chuig Maoiniú Deontas AE	0	0	0	0	0
Glan-insreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoinithe	0	(2,745)	0	(2,745)	261,211

Méadú/(Laghdú) Glan ar Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid	(139,411)	16,117,461	(37,381)	15,940,669	(835,315)
Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid amhail an 1 Eanáir	516,420	5,569,102	295,183	6,380,705	7,216,020
Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid amhail an 31 Nollaig	377,009	21,686,563	257,802	22,321,374	6,380,705

Déantar Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid ag deireadh na bliana a roinnt idir Airgead coinnithe i gcomhair athinfheistíochta agus gnáth-iarmhéideanna bainc.

An Dr Deirdre Garvey: 
An Cathaoirleach

Dáta: 9/11/2018

Tomás Ó Síocháin: 
An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Dáta: 9/11/2018

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

1. Beartais Chuntasaíochta

Leagtar amach thíos an bunús cuntasaíochta agus na mórbheartais chuntasaíochta arna nglacadh ag Coimisiún Forbartha an Iarthair. Cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad ar fad ar feadh na bliana agus le haghaidh na bliana roimhe sin.

a) Faisnéis ghinearálta

Bunaíodh Coimisiún Forbartha an Iarthair faoin Acht um Choimisiún Forbartha an Iarthair, 1998, le ceannoifig i dTeach an Dóilúnaigh, Bealach an Doirín, Co. Ros Comáin.

Is é príomhchuspóir Choimisiún Forbartha an Iarthair mar atá leagtha amach i gcuid 8 den Acht um Choimisiún Forbartha an Iarthair forbairt eacnamaíochta agus shóisialta i Réigiún an Iarthair a chur chun cinn agus a chur faoi deara go gcuirfear chun cinn í, agus cabhrú léi, agus í a chothú agus a spreagadh.

Is eintiteas poiblí é Coimisiún Forbartha an Iarthair.

b) Ráiteas comhlíontachta

Ullmhaíodh ráitis airgeadais Choimisiún Forbartha an Iarthair don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2017 de réir FRS 102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais is infheidhmithe sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn a eisíonn an Chomhairle Tuairiscithe Airgeadais (FRC), agus a fhógraíonn Cuntasóirí Cairte na hÉireann.

c) Bunús an ullmhúcháin

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil, cé is moite de shócmhainní agus dliteanais áirithe a thomhaistear ag luachanna córa faoi mar atá mínithe sna beartais chuntasaíochta thíos. Tá na ráitis airgeadais san fhoirm a cheadaigh an tAire don Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail, le comhthoiliú an Aire Airgeadais faoin Acht um Choimisiún Forbartha an Iarthair, 1998. Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go comhsheasmhach nuair a bhíodhas ag láimhseáil míreanna a mheastar a bheith ábhartha do ráitis airgeadais Choimisiún Forbartha an Iarthair.

Ní aithníonn Coimisiún Forbartha an Iarthair luach na n-infheistíochtaí cothromais, toisc nach bhfuil aon smacht aige ar na haonáin.

d) Ioncam

Deontais Oireachtais

Aithnítear ioncam go ginearálta ar bhonn fabhrúithe; eisceacht amháin air sin is ea Deontais Oireachtais a aithnítear ar bhonn fáiltais airgid.

Ioncam ó Infheistíocht

Aithnítear ioncam ó infheistíocht sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus sa chuntas Cúlchistí Coimeádta ar bhonn fabhrúithe. Ríomhtar ús ar iasachtaí ar bhonn comhardú laghdaitheach agus aithnítear é thar thréimhse an chomhaontaithe. Aithnítear ioncam ó ghnáthscaireanna ar bhonn fabhrúithe i gcás ina bhfuil an díbhinn dearbhaithe. Tá an t-ioncam ó dhíbhinní ar scaireanna tosaíochta leagtha síos i gcomhaontuithe dlíthiúla, agus íoctar é nuair a bhíonn dóthain cúlchistí indáilte ag na cuideachtaí. Aithnítear mar ioncam é nuair a leagtar síos ceart Choimisiún Forbartha an Iarthair íocaíocht a fháil.

Táillí Socraithe agus Bainistíochta

Aithnítear na táillí a fhaightear i gCiste Infheistíochta an Iarthair. Maidir le gach forchostas a bhaineann le hoibriúchán Chiste Infheistíochta an Iarthair cuirtear de mhuirear ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Coimeádta an Choimisiúin iad.

Aithint Gnóthachan agus Caillteanas ar Infheistíochtaí agus Iasachtaí

Aithnítear gnóthachain agus caillteanais a réadaíodh mar thoradh ar dhíol infheistíochtaí, nó díscríobh infheistíochtaí cothromais nó iasachtaí sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus i gcuntas na gCúlchistí Coimeádta nuair a thabhaítear iad.

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (Ar Lean)

Aithnítear gnóthachain agus caillteanas nár réadaíodh mar thoradh ar athruithe ar luacháil infheistíochtaí agus iasachtaí mar seo a leanas. Má tá Coimisiún Forbartha an Iarthair den tuairim go bhfuil an luach infheistíochta imithe faoi bhun an luacha carraeireachta, déantar soláthar agus cuirtear de mhuipear ar an gcuntas loncaim agus Caiteachais é. Aithnítear gnóthachain nár réadaíodh i ngeall ar athluacháil infheistíochta sa chuntas loncaim agus Caiteachais sa chás inar féidir luach cóir na hinfheistíochta a mheas go hiontaofa.

Aithnítear díscríobh de thoradh bearnú sa chuntas loncaim agus Caiteachais faoin gceannteideal 'Toradh ar Chiste Infheistíochta agus Gnóthachain Imeachta'.

Is ar bhonn cuntas fabhrúithe a aithnítear ioncam eile.

e) Maoin, Gléasra agus Trealamh

Luaitear maoin, gléasra agus trealamh ag costas lúide dímheas carntha, arna gcoigeartú d'aon soláthar i gcomhair bearnú. Tugtar dímheas ar gach maoin, gléasra agus trealamh ag rátaí a mheastar a dhéanfaidh díscríobh ar chostas gach sócmhainne ar bhonn líne díri thar a saol úsáideach measta, mar seo a leanas:

(i) Daingneáin agus Feistis 15% in aghaidh na bliana

(ii) Ríomhairí 33% in aghaidh na bliana

f) Sócmhainní Airgeadais

Iasachtaí Lamháltais

De réir Alt 34 de FRS 102, bronnann Coimisiún Forbartha an Iarthair iasachtaí lamháltais eintiteas um shochar poiblí i.e. iasachtaí a bhronntar ar mhaithe le cuspoirí Choimisiún Forbartha an Iarthair a chur chun cinn, nach bhfuil iníochta de réir éilimh agus a bhronntar faoi bhun ráta úis an mhargaidh atá i réim. Aithnítear iasachtaí ar dtús sa Ráiteas Staid Airgeadais ag an tsuim a íoctar orthu, agus déantar coigeartú ina dhiaidh sin ar an tsuim ghlanluacha sna ráitis airgeadais chun léiriú a thabhairt ar aon ús fabhrúithe atá iníochta nó infhaighte. Déantar athbhreithniú bliantúil ar iasachtaí iníochta le feiceáil cibé an bhfuil aon bhearnú iontu agus aithnítear aon chaillteanais bearnaithe sa Ráiteas Loncaim agus Caiteachais agus i gCúlchistí Loncaim Choimeádtar.

Infheistíochtaí Neamhluaite

Tá na hinfheistíochtaí ar fad i gcuideachtaí neamhluaite. Nuair is féidir luaitear infheistíochtaí dá leithéid ag an luach cóir. Sainmhínítear luach cóir mar an méid a d'fhéadfaí sócmhainn a mhalartú uirthi idir páirtithe eolacha, toilteanacha in idirbheart fad láimhe.

I gcásanna nach féidir an luach cóir a thomhas go hiontaofa, déantar an infheistíocht a luacháil ag an gcostas mura mbíonn fianaise ann gur bearnaíodh é seo.

Ioncam ó Tháillí agus Iarmhéideanna Airgid

Anuas ar infheistíochtaí cothromais, iasachtaí agus ioncam ó tháillí, cuimsítear sa chiste um Fhorbairt an Iarthair iarmhéid airgid chun infheistíochtaí amach anseo a mhaoiniú.

Dí-aithint na sócmhainní airgeadais

Ní dhéantar sócmhainní airgeadais a dhí-aithint ach amháin nuair a ghabhann na cearta conarthacha ar na sreafaí airgid ón tsócmhainn in éag nó nuair a shocraítear iad, nó nuair a aistríonn Coimisiún Forbartha an Iarthair rioscaí agus luachanna saothair úinéireachta uile na sócmhainne airgeadais go suntasach chuig páirtí eile, nó má choimeádtar roinnt rioscaí agus luachanna saothair suntasacha úinéireachta ach gur aistríodh rialú na sócmhainne chuig páirtí eile atá in ann an tsócmhainn a dhíol ina hiomláine le tríú páirtí neamhghaolmhar.

I gcás infheistíochtaí cothromais a dhíoltar, ní dhéantar aon suimeanna atá á sealbhú in eascró a aithint sa Ráiteas Staid Airgeadais ach aithnítear iad ina ionad sin nuair a fhaightear iad.

I gcás iasachtaí, dí-aithnítear iasachtaí, nuair atá an ceart chun sreafaí airgid a fháil ó na hiasachtaí imithe in éag, nuair a bhíonn na suimeanna go léir atá fós le híoc aisíochta ag an aonán de ghnáth. Ní aistríonn Coimisiún Forbartha an Iarthair iasachtaí chuig tríú páirtithe lena n-aisghabháil.

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (Ar Lean)

g) Infháltais

Aithnítear infháltais ag a luach cóir, lúide soláthar i gcomhair fiachas amhrasach. Is soláthar sonrach é an soláthar i gcomhair fiachas amhrasach, agus leagtar síos é nuair atá fianaise chuspóireach ann nach mbeidh Coimisiún Forbartha an Iarthair in ann na suimeanna go léir atá le híoc leis a bhailiú. Aithnítear gluaiseachtaí sa soláthar i gcomhair fiachas amhrasach sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coimeáda.

h) Clár Forimill Thuaidh

Tá Clár an Fhorimill Thuaidh (CFT) ina chlár ciste forbartha réigiúnaí de chuid an AE faoi shnáithe Interreg. Chomhoibrígh Coimisiún Forbartha an Iarthair le CFT ar raon tionscadal forbraíochta réigiúnaí ar cuireadh tús leo in 2009 agus atá fós ar siúl (i measc na dtionscadal ar tugadh tacaíocht dóibh bhí tionscadail Bhithfhuinnimh ar nós RASLRES agus BioPAD agus tionscadail geilleagair chruthaithigh mar Creative EDGE agus Creative momentum).

Maoiníonn an tAontas Eorpach 60-65% de Chlár an Fhorimill Thuaidh agus cuireann Coimisiún Forbartha an Iarthair 35-40% den mhaoiniú ar fáil. Déanann Coimisiún Forbartha an Iarthair na héilimh go díreach chuig rúnaíocht chomhlacht Interreg CFT agus é ag feidhmiú thar ceann chomhpháirtíochta leathan an tionscadail. Roimhe sin deimhníonn rialtóir náisiúnta céadleibhéil na speansais i gcomhair comhlíonadh agus a luaithe is a bheidh deimhniú caiteachais eisithe ag an gcomhlacht seo déanann rúnaíocht CFT an t-éileamh a chomhdhlúthú agus a phróiseáil. Déantar éilimh a sceidealú gach sé mhí, ach tugtar faoi deara gurb é an t-aga tionscanta i gcomhair próiseála ag an CFT ná idir 12 mhí agus 18 mí.

Mar chuid den phróiseas sin tá Coimisiún Forbartha an Iarthair faoi réir iniúchadh tréimhsiúil an AE.

Aithnítear ioncam ar bhonn cuntas infhála. Áirítear mar ioncam fabhráithe ioncam atá dlite maidir le caiteachas a tabhaíodh, nuair nár cuireadh isteach an t-éileamh gaolmhar.

i) Sochair Fostaithe

Sochair ghearrthéarmacha

Aithnítear sochair ghearrthéarmacha mar phá saoire mar speansas sa bhliain, agus áirítear sochair a fhabhraítear ag deireadh na bliana san fhigiúr Suimeanna Iníoctha sa Ráiteas Staid Airgeadais

Sochair Scoir

Bhí scéim pinsin le sochar sainithe dá cuid féin i bhfeidhm ag Coimisiún Forbartha an Iarthair roimhe seo, a bhí á maoiniú go bliantúil ar bhonn íoc mar a úsáidtear ó airgead a bhí ar fáil dó ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus ó ranníocaíochtaí a asbhaineadh ó thuarastail na foirne agus na mball. Feidhmíonn Coimisiún Forbartha an Iarthair Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Phoiblí (“Scéim Aonair”) freisin, ar scéim le sochar sainithe í le haghaidh fostaithe inphinsin sa tseirbhís phoiblí a ceapadh an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin. Íoctar ranníocaíochtaí bhaill na Scéime Aonair leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Léiríonn costais phinsin na sochair phinsin a thuill fostaithe, agus taispeántar iad glan ar ranníocaíochtaí pinsean na foirne a íoctar ar ais leis an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail. Aithnítear méid atá comhfhreagrach don táille pinsean mar ioncam sa mhéid agus gur féidir é a fháil ar ais, agus déantar é a fhritháireamh le deontais a fhaightear sa bhliain chun íocaíochtaí pinsean a chomhlíonadh.

Léirítear gnóthachain nó cailteanais achtúireacha a thagann chun cinn ar dhliteanais scéime sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach, agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa mhéid atá inghnóthaithe ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail.

Léiríonn na ráitis airgeadais, ag a luach cóir, na sócmhainní agus na dliteanais a éiríonn ó oibleagáidí pinsean Choimisiún Forbartha an Iarthair agus aon mhaoiniú gaolmhar, agus aithnítear na costais a bhaineann le sochair phinsin a sholáthar sna tréimhsí cuntasíochta ina dtuillteanais fostaithe iad. Déantar dliteanais na scéime sochair scoir a thomhas ar bhonn achtúireach ag úsáid mhodh an aonaid réamh-mheasta creidmheasa.

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (Ar Lean)

j) Breithiúnais agus Meastacháin Chuntasáíochta Thábhachtacha

Nuair a ullmhaítear na ráitis airgeadais bíonn ar an lucht bainistíochta breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh a mbíonn tionchar acu ar na méideanna a thuairiscítear le haghaidh sócmhainní agus dliteanas ar dháta an chláir chomhardaithe agus ar na méideanna a thuairiscítear le haghaidh ioncaim agus speansas i rith na bliana. Mar sin féin, mar gheall ar chomh casta is atá cúrsaí meastacháin fágann sé go bhféadfadh na torthaí iarbhir a bheith difriúil ó na meastacháin sin. Bhí an tionchar is suntasaí ag na breithiúnais seo a leanas ar mhéideanna a aithníodh sna ráitis airgeadais.

Sócmhainní Airgeadais Neamhthrádálte

Cinntear luach na sócmhainní airgeadais nach dtrádáiltear i margaí gníomhacha trí theicnící luachála a úsáid. Úsáideann Coimisiún Forbartha an Iarthair a bhreithiúnas chun modhanna éagsúla a roghnú agus déanann sé toimhdí atá bunaithe den chuid is mó ar shonraí inbhraite agus ar dhálaí a bhíonn i réim ar gach dáta tuairiscithe.

Bearnú iasachtaí

Déanann Coimisiún Forbartha an Iarthair athbhreithniú iomlán críochnúil ar a phunann iomlán iasachtaí ag gach dáta tuairiscithe chun a chinneadh cibé an bhfuil fianaise chuspóireach ann go bhfuil aon cheann dá chuid iasachtaí bearnaithe. Déantar measúnú ar iasachtaí de réir gach iasachta. Déantar soláthar maidir le hiasachtaí nuair atá amhras suntasach agus fíor ann maidir le hinbhailitheacht na suime atá gan íoc. Ina theannta sin, má tharlaíonn sé, i rith na bliana, go bhfuil fianaise chuspóireach ann go bhfuil aon iasacht aonair bearnaithe ann, aithneofar caillteanas sonrach.

Oibleagáid Sochair Scoir

Déantar na boinn tuisceana atá mar bhonn ag na luachálacha achtúireacha dá gcinntear na méideanna atá aitheanta sna ráitis airgeadais (lena n-áirítear rátaí lascaine, rátaí an mhéadaithe i leibhéil chúitimh amach anseo, rátaí mortlaíochta agus rátaí i dtreocharaí maidir le costas cúram sláinte) a thabhairt chun dáta gach bliain bunaithe ar dhálaí geilleagracha reatha, agus maidir le haon athruithe ábhartha ar théarmaí agus coinníollacha na bpleananna pinsin agus iarscoir.

Is féidir leo seo a leanas tionchar a imirt ar na boinn tuisceana:

- (i) an ráta lascaine, athruithe ar an ráta aschuir ar bhannaí corparáideacha d'ardchaighdeán
- (ii) leibhéil chúitimh sa todhchaí, dálaí sa mhargadh saothair sa todhchaí

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (Ar Lean)

2. Deontais Oireachtais

	2017	2017	2016	2016
Nótaí	€	€	€	€
An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail (Vóta 33 Focheannteideal E.5)	1,411,812		1,639,185	
Ranníocaíochtaí Fostaithe Pinsean	(36,992)		(36,992)	
Deontas Oibriúcháin*		1,374,820		1,602,193

* Áirítear in ioncam don bhliain 2016 suim €200,000 a fuair Coimisiún Forbartha an Iarthair an 23 Nollaig 2016 i dtaca le Comhdháil ar an mBreatimeacht in 2017. Chuir an Roinn Coimisiún Forbartha an Iarthair ar an eolas an 6 Eanáir 2017.

3. Ioncam AE

	2017	2017	2016	2016
Nótaí	€	€	€	€
Ioncam AE		826,658		288,727

Is clár ciste forbartha réigiúnaí de chuid an AE faoi shnáithe Interreg é Clár an Fhorimill Thuaidh (CFT).

Maoiníonn an tAontas Eorpach idir 60-65% de Chlár an Fhorimill Thuaidh agus cuireann Coimisiún Forbartha an Iarthair idir 35-40% den mhaoiniú ar fáil dó.

4. Ioncam eile

	2017	2017	2016	2016
Nótaí	€	€	€	€
Ioncam Eile		11,413		0
		11,413		0

5. Ioncam ó Infheistíocht

	2017	2017	2016	2016
Nótaí	€	€	€	€
Ús iasachta faighte		187,565		301,248
Díbhinní ar infheistíocht		0		264,739
Ús ar thaiscí faighte/gearrtha		(2,745)		2,620
Táillí socraíochta		10,862		20,514
		195,682		589,121

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (Ar Lean)

6a. Costais Oibriúcháin

– Coimisiún Forbartha an Iarthair

	Nótaí	2017 €	2016 €
Tuarastail (lena n-áirítear ÁSPC na bhfostóirí)		800,626	707,836
Taisteal agus Cothú – an Fhoireann		69,522	69,430
Costais Phinsin	15A	261,008	203,008
Oiliúint agus Forbairt		19,777	20,246
Caidreamh Poiblí (feachtas LookWest san áireamh)		10,000	2,345
Táillí Gairmiúla (feachtas LookWest san áireamh)		168,493	86,116
Táillí Gairmiúla – Ciste Infheistíochta an Iarthair		66,731	36,181
Earcaíocht Foirne		34,925	5,247
Comhaltaí Boird			
Taisteal agus Cothú		6,638	2,344
Táillí		21,364	31,422
Cruinnithe agus Seimineáir		25,602	14,663
Fochoistí an Bhoird/Painéil Chomhairleacha			
Taisteal agus Cothú		842	3,873
Priontáil agus Dearadh		15,110	12,865
Speansais Oifige		32,854	40,928
Solas agus Teas		5,485	5,125
Deisiúcháin agus Cothabháil		9,884	8,369
Árachas		10,171	6,467
Táille Iniúchta		12,000	14,000
Cuntasaíocht agus Iniúchadh Inmheánach		30,447	25,518
Fógraíocht, Margaíocht agus Suibscríbhinní (feachtas LookWest san áireamh)		154,427	121,406
Yeats 2015		0	7,726
Teileachumarsáid		18,635	21,712
Dímheas	9	16,830	11,919
Speansais Éagsúla		1,496	523
		1,792,867	1,459,269

Taispeántar Pá agus Tuarastail a bhaineann le Deontais AE/CFT faoi chaiteachas le haghaidh Deontais AE/CFT.

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (Ar Lean)

6b. Costais Oibriúcháin

– Deontais AE/Clár an Fhorimill Thuaidh (CFT)

	2017	2016
	€	€
Tuarastail (lena n-áirítear ÁSPC na bhfostóirí)	126,702	119,968
Taisteal agus Cothú – an Fhoireann	43,434	41,816
Táillí Gairmiúla	87,198	60,243
Earcaíocht Foirne	2,952	0
Cruinnithe agus Comhdhálacha	1,313	12,864
Priontáil	763	3,665
Cur Chun Cinn agus Foilseacháin	14,098	3,812
Speansais Oifige	10,563	3,663
Íocaíochtaí le Comhpháirtithe sa tionscadal um Chur Chuige Réigiúnach i leith	577,016	39,309
Réitigh Fuinnimh In-athnuaite, íocaíochtaí comhpháirtí AE		
	864,039	285,340

Déantar Pá agus Tuarastail don fhoireann a oibríonn ar thionscadail AE a mhuirearú ar na ráitis airgeadais faoi Chaiteachas AE / CFT.

6c. Príomhphearsanra Bainistíochta

Cuimsítear leis an bpríomhphearsanra bainistíochta i gCoimisiún Forbartha an Iarthair an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus comhaltaí an Bhoird Stiúrthóirí. B'ionann an cúiteamh iomlán a íocadh le príomhphearsanra bainistíochta, lena n-áirítear táillí agus speansais chomhaltaí an Bhoird agus luach saothair iomlán an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin, agus €130,574, (2016: €130,640).

6d. Costais Foirne

	2017	2016
	€	€
Tuarastail (lena n-áirítear ÁSPC na bhfostóirí)	868,608	827,804
Foireann Tacaíochta Shealadach (Seirbhísí Gairmiúla)	29,360	0
	897,968	827,804

2017 19 gCoibhéis lánaimseartha = 17.8

2016 16 Choibhéis lánaimseartha = 14.8

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (Ar Lean)

6e. Tuarastal an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin

	2017	2017	2016	2016
	€	€	€	€
	Tuarastal	Taisteal & Cothú	Tuarastal	Taisteal & Cothú
An tUasal Ian Brannigan (Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Gníomhach agus Ceann Forbartha Réigiúnaí) 16 Eanáir 2014	89,262	12,467	84,043	12,831

Socraítear scála tuarastail an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin ag leibhéal an Phríomhoifigigh sa Státseirbhís. Ní oibríonn Coimisiún Forbartha an Iarthair scéim dámhachtainí i gcoibhneas le feidhmíocht Níor íocadh aon íocaíochtaí bónais leis na Príomhoifigigh Feidhmiúcháin. Is gnáthbhall de scéim aoisliúntais Choimisiún Forbartha an Iarthair é Ian Brannigan agus ní sháraíonn a chuid teidlíochtaí pinsin na gnáth-theidlíochtaí a leagtar síos i scéim aoisliúntais scéim sochair shainithe na hearnála poiblí.

6f. Tobhach Pinsin

In 2017 baineadh €33,099 ó bhaill foirne chun íoc as an tobhach pinsin (2016: €35,747) agus íocadh an tsuim sin leis an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail.

7. Athrú ar luach na sócmhainní airgeadais

	2017	2016
	€	€
(Méadú)/Laghdú ar an soláthar i gcoinne iasachtaí	(169,243)	3,824
Méadú/(Laghdú) ar an luach cothromais	(584,604)	11,582,985
Méadú/(Laghdú) ar luach na sócmhainní airgeadais	<u>(753,847)</u>	<u>11,586,809</u>

8. Áitribh

Tá Coimisiún Forbartha an Iarthair lonnaithe i dTeach an Diolúnaigh, foirgneamh le Comhairle Contae Ros Comáin agus atá faoi bhainistíocht Oifig na nOibreacha Poiblí. Tá an foirgneamh saor ó chúis agus ní áirítear aon soláthar sna cuntais i gcomhair cíos.

9. Sócmhainní Seasta

	2017	2016
	€	€
Costas/Luacháil amhail an 1 Eanáir	185,008	167,205
Breiseanna sa Bhliain	16,247	17,803
Diúscairtí	0	0
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig	<u>201,255</u>	<u>185,008</u>
Dímheas Carntha	166,995	155,076
Muirear don tréimhse	16,830	11,919
Diúscairtí	0	0
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig	<u>183,825</u>	<u>166,995</u>
Glanluach Leabhar amhail an 31 Nollaig	<u>17,430</u>	<u>18,013</u>

Is éard atá i Sócmhainní Seasta Daingneáin agus Feistis ar a bhfuil Glanluach Leabhar €1,216 (2016: €1,719) agus Trealamh Ríomhaire le Glanluach Leabhar €16,213 (2016: €16,294).

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (Ar Lean)

10. Sócmhainní Airgeadais

		2017	2016
		€	€
Infheistíochtaí Cothromais ag luach cóir	10a	6,376,286	20,658,213
Infheistíochtaí Cothromais ag costas	10a	5,808,180	6,682,992
Iasachtaí	10b	3,383,617	4,902,506
Ioncam ó tháillí	10c	320,898	310,034
Iarmhéid airgid ar fáil le haghaidh athinfheistíochta	10d	21,365,666	5,259,067
		37,254,647	37,812,812

10a. Infheistíochtaí Cothromais Neamhluaite

		2017	2016
		€	€
Costas			
Luach Tosaigh amhail an 1 Eanáir		11,019,584	10,522,219
Breiseanna		397,086	1,835,545
Costas na nDiúscairtí		(3,706,362)	(73,181)
Díscríobh		(1,048,006)	(1,264,999)
Costas amhail an 31 Nollaig		6,662,302	11,019,584
Athluacháil			
Iarmhéid Tosaigh amhail an 1 Eanáir		20,450,676	8,690,192
Aisiompú ar Dhíolachán		(11,262,857)	0
Gluaiseacht in Athluachálacha		244,063	11,760,484
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig		9,431,882	20,450,676
Soláthar le haghaidh laghdú			
Iarmhéid Tosaigh amhail an 1 Eanáir		(4,129,056)	(5,216,556)
Aisiompú ar Dhíolachán		219,338	1,087,500
		(3,909,718)	(4,129,056)
Luacháil amhail an 31 Nollaig		12,184,466	27,341,204

10b. Iasachtaí

		2017	2016
		€	€
Costas			
Luach Tosaigh amhail an 1 Eanáir		5,831,162	6,868,619
Breiseanna		142,000	422,500
Aisiocáochtaí Iasachtaí		(1,491,646)	(602,957)
Díscríobh		0	(857,000)
Costas amhail an 31 Nollaig		4,481,516	5,831,162
Soláthar le haghaidh Laghdú ar Luach/Athluachálacha			
Iarmhéid Tosaigh amhail an 1 Eanáir		(928,656)	(1,789,480)
Gluaiseacht i Soláthar/Athluachálacha		(169,243)	860,824
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig		(1,097,899)	(928,656)
Luacháil amhail an 31 Nollaig		3,383,617	4,902,506
Infhaighte laistigh de 12 mhí		789,519	1,491,646
Infhaighte tar éis 12 mhí		3,691,997	4,339,516

10c. Ioncam ó tháillí

		2017	2016
		€	€
Ioncam ó tháillí amhail an 1 Eanáir		310,034	289,522
Ioncam ó tháillí sa tréimhse		10,864	20,512
Úsáidte sa tréimhse			
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig		320,898	310,034

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (Ar Lean)

10d. Iarmhéideanna airgid ar fáil le haghaidh athinfheistíochta

	2017	2016
	€	€
Iarmhéideanna airgid amhail an 1 Eanáir	5,259,067	6,272,367
Diúscairtí cothromais/aisíocaíochtaí iasachtaí sa tréimhse	16,460,865	676,138
Suimeanna athinfheistithe i gcothromas/iasachtaí sa tréimhse	(354,266)	(1,689,438)
Iarmhéideanna airgid amhail an 31 Nollaig	21,365,666	5,259,067
Suimeanna athinfheistithe i gcothromas/iasachtaí sa tréimhse		
Ús ar iasacht	187,565	301,248
Díbhinní	0	264,739
Ús ar thaiscí faighte/(muirearaithe)	(2,745)	2,620
Infheistíocht - breiseanna cothromais	(397,086)	(1,835,545)
Infheistíocht - breiseanna iasachtaí	(142,000)	(422,500)
	(354,266)	(1,689,438)

Bhí cistí de mhéideanna USD\$1,739,492/(€1,450,786) agus €50,378 (2016 - €138,963m) maidir le diúscairt infheistíochtaí i seilbh tríú páirtithe in eascró thar ceann Choimisiún Forbartha an Iarthair ar an dáta tuairiscithe. De réir pholasaí cuntasáíochta Choimisiún Forbartha an Iarthair, aithneofar na cistí sin nuair a gheobhaidh Coimisiún Forbartha an Iarthair an t-airgead.

11. Infháltais

	2017	2016
	€	€
Féichiúnaithe	8,000	0
Réamhíocaíochtaí	18,328	7,815
Deontais AE/Deontais CFT Infhaighte	270,510	280,957
	296,838	288,772

12. Suimeanna Iníochta

	2017	2016
	€	€
Creidiúnaithe agus Fabhruithe	153,320	138,614
Ioncam larchurtha	0	0
	153,320	138,614

13. 13. Cuntas Caipitil

	2017	2017	2016	2016
	€	€	€	€
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir		18,013		12,129
Aistriú chuig an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais				
- Cistí leithdháilte le Sócmhainní Seasta a fháil	16,247		17,803	
- Suim a scaoileadh ar dhiúscairt	0		0	
- Suim amúchta de réir dímheas sócmhainne	(16,830)		(11,919)	
		(583)		5,884
		17,430		18,013

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (Ar Lean)

14. Ceangaltais Amach Anseo – WIF

	2017	2016
	€	€
Ceangaltais Tosaigh	3,728,405	2,403,804
Ceaduithe	3,170,500	4,831,050
Dícheangaltais	(2,300,000)	(1,248,404)
Íocaíochtaí Amach	(397,086)	(2,258,045)
Ceangaltais Deiridh	4,201,819	3,728,405

15. Costais Sochair Scoir

a) Anailís ar na costais sochair scoir iomlána a cuireadh chun dochair an Ráitis loncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí loncaim Coimeádta

	2017	2016
	€	€
Costais na seirbhíse reatha	220,000	150,000
Ús ar dhliteanas na scéime sochair scoir	78,000	90,000
Ranníocaíochtaí fostaithe	(36,992)	(36,992)

b) Gluaiseacht i nglan-oibleagáidí sochair scoir sa bhliain airgeadais

	2017	2016
	€	€
Glan-oibleagáidí sochair scoir amhail 1 Eanáir	(4,025,000)	(3,577,000)
Costais na seirbhíse reatha	(220,000)	(150,000)
Costas úis	(78,000)	(90,000)
Gnóthachan/(caillteanas) achtúireach	(835,000)	(256,000)
Pinsin a íocadh sa bhliain	38,000	48,000
Glan-oibleagáidí sochair scoir an 31 Nollaig	(5,120,000)	(4,025,000)

c) Maoiniú iarchurtha le haghaidh sochar scoir

Aithníonn an Coimisiún na méideanna seo mar shócmhainn a fhreagraíonn don fhiachas iarchurtha neamh-mhaoinithe do shochair scoir bunaithe ar an tacar toimhdí a bhfuil cur síos orthu thuas agus i bhfianaise roinnt teagmhas a tharla roimhe seo. Áirítear leis na teagmhais sin an bunús reachtúil chun an scéim sochair scoir a bhunú, agus an beartas agus an cleachtas atá i bhfeidhm faoi láthair maidir le pinsin seirbhíse poiblí a mhaoiniú lena n-áirítear ranníocaíochtaí fostaithe agus an próiseas meastachán bliantúil.

Níl aon fhianaise ag an gCoimisiún nach leanfaidh an beartas maoinithe seo ar aghaidh ag íoc as méideanna dá leithéid de réir an chleachtais reatha.

Is mar seo a leanas a bhí an glan-mhaoiniú iarchurtha maidir le sochair scoir a aithníodh sa Ráiteas loncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí loncaim Coimeádta:

	2017	2016
	€	€
Maoiniú inghnóthaithe maidir le costais sochair scoir na bliana reatha	298,000	240,000
Deontas Stáit a caitheadh le sochair scoir a íoc	(38,000)	(48,000)
	260,000	192,000

Is ionann an tsócmhainn maoinithe iarchurtha le haghaidh sochar scoir an 31st Nollaig 2017 agus €5.120M (2016: €4.025m).

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (Ar Lean)

d) Stair na n-oibleagáidí sochair shainithe

	2017	2016	2015	2014
	€	€	€	€
Oibleagáidí sochair scoir	5,120,000	4,025,000	3,577,000	2,300,000
Caillteanais/(gnóthachain) ó thaithí ar dhliteanais scéim sochair shainithe	835,000	(138,000)	(100,000)	(147,000)
Céatadán de dhliteanais an phlean	-16.3%	3.4%	2.8%	6.0%

e) Cur síos ginearálta ar an Scéime

Feidhmíonn Coimisiún Forbartha an Iarthair scéim aoisliúntais neamh-mhaoinithe le sochar sainithe don fhoireann. Íoctar teidlíochtaí aoisliúntais a éiríonn faoin Scéim as ioncam reatha agus cuirtear chun dochair an Ráitis loncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí loncaim Coimeádta iad, glan ar ranníocaíochtaí aoisliúntais fostaithe, sa bhliain ina mbíonn siad infíochta.

Is socrú críochnúil faoi thuarastal pinsin le sochar sainithe atá sa Scéim. Dá réir, déantar sochair agus ranníocaíochtaí a shainiú trí thagairt a dhéanamh do rialacháin “shamplacha” reatha i scéimeanna san earnáil phoiblí. Soláthraíonn an Scéim pinsean (ochtóduithe in aghaidh na bliana seirbhíse), aisce nó cnapshuim (trí ochtóduithe in aghaidh na bliana seirbhíse) agus pinsin do chéilí agus leanaí. Is é atá i gceist le Gnáthaois Scoir an lá a sroicheann an ball 65 bliain d’aois, agus tá daoine a bhí ina mbaill roimh 2004 i dteideal imeacht ar scor gan laghdú achtúireach ó aois 60 bliain. Téann pinsin atá á n-íoc (agus á n-iarchur) i méid go ginearálta ar bhonn lánroghnach i gcomhréir le boilsciú ginearálta tuarastail.

Le héifeacht ón 1 Eanáir 2013, beidh iontrálaithe nua ina mbaill de Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí. Tugann sé sin sochair bunaithe ar mheántuilleamh gairmréime athluacháilte ag teacht le méaduithe ar an bPraghasinnéacs Tomhaltóirí. Beidh aois scoir íosta na Scéime nasctha leis an aois a fhaigheann duine an Pinsean Stáit.

Tá na torthaí a leagtar amach thíos bunaithe ar luacháil achtúireach na ndlíteanas i leith bhaill foirne ar fónamh, ar scor agus iarchurtha an Choimisiúin amhail an 31 Nollaig 2017.

Thug achtúire cáilithe neamhspleách faoin luacháil sin ar mhaithe leis an gcaighdeán cuntasaoíochta, Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais Uimh. 102 - Sochair Scoir (FRS 102).

I measc na bpríomhthoimhdí airgeadais a úsáideadh, bhí:

	2017	2016
	€	€
Ráta an mhéadaithe ar thuarastail	2.50%	2.50%
Ráta an mhéadaithe ar shochair scoir á n-íoc	2.50%	2.50%
Ráta lascaine	1.85%	1.85%
Ráta boilscithe	1.75%	1.75%

Meánionchais saoil sa todhchaí

	2017	2037
	€	€
Fear atá 65 bliain d’aois	21.2 years	23.7 years
Bean atá 65 bliain d’aois	23.7 years	25.8 years

16. Nochtadh Páirtithe Gaolmhara

Ghlac an Coimisiún nósanna imeachta de réir an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú i ndáil le nochtadh leasanna ag comhaltaí an Choimisiúin, agus cloíodh leis na nósanna imeachta sin sa bhliain 2017.

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (Ar Lean)

17. Imeachtaí tar éis an Dáta Tuairiscithe



Thug ball foirne cás chuig an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre in 2018.

Tionóladh cruinniú breithiúnais an 8 Lúnasa 2018.

Ní raibh aon toradh ar an gcruinniú sin go dtí seo.

18. Faomhadh na ráiteas airgeadais

D'fhaomh an bord stiúrthóirí na Ráitis Airgeadais seo lena n-eisiúint an 9/11/2018



GIORRÚCHÁIN



GIORRÚCHÁIN

AEC	Slí Eacnamaíoch an Atlantaigh
ARC	An Coiste Iniúcháireachta agus Riosca
CER	An Coimisiún um Rialáil Fuinnimh
COFORD	Clár um Thaighde Foraoiseachta Iomaíche i gcomhair Forbartha
CRU	An Coimisiún um Rialáil Fóntas
CSO	An Phríomh-Oifig Staidrimh
DACS	Córas Rialaithe um Eagar Digiteach
ELTI	Tionscnamh Turasóireachta Liteartha na hEorpa
FAP	Painéal Comhairleach an Chiste
FREED	Acmhainní Maoinithe don Nuálaíocht i bhForbairt Fiontar Fuinnimh
GMIT	Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Maigh Eo
GREBE	Fiontar Gnó um Fhuinneamh In-athnuaite a Ghiniúint
IDA	An tÚdarás Forbartha Tionscail
IEA	Cumann Onnmhaireoirí na hÉireann
KTC	Karen Thompson
LCDC	Coiste Forbartha Pobail Áitiúil
LECo	Pobail Fuinnimh Áitiúla
LW	LookWest.ie
NPA	An Clár Forimill Thuaidh agus Artach
NPF	An Creat Náisiúnta Pleanála
NWRA	Tionól Réigiúnach an Tuaiscirt agus an Iarthair
OECD	An Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta
PAICCS	Córas Rialaithe Aeráide Laistigh (ProAir)
RESS	Scéim Tacaíochta don Leictreachas In-Athnuaite
RSA	Regional Studies Association
RSES	Na Straitéisí Réigiúnacha Spáis agus Eacnamaíoch
SEAI	Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann
SIDC	Shannon International Development Consultants
SMEenna	Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide
SRDO	An Oifig um Fhorbairt Straitéiseach Réigiúnach
WDC	Coimisiún Forbartha an Iarthair
WIF	Ciste Infheistíochta an Iarthair
WRAP	Ciste Léiritheoirí Closamhairc Réigiún an Iarthair





Coimisiún Forbartha an Iarthair
Teach Diolúin, Bealach an Doirín,
Contae Ros Comáin, Éire.

Guthán: +353 (0) 94 9861441

Facs: +353 (0) 94 9861443

Ríomhphost: info@wdc.ie

Suíomhanna Gréasáin: www.wdc.ie